Pearse, Padraic
Os cionn na fairrge agus aisti eile

PB
1399
P43083
1900z

From the Library

of

PÁDRAIG Ó BROIN

Ós Cionn na Fairrge

agus aistí eile

Pádraig Mac Piarais

Clóchuid Oideachais na hÉireann, Teor.

Ós cionn na fairrge

agus aistí eile

Ós Cionn na Fairrge

agus aistí eile

Pádraig Mac Piarais

do scríob

Comhlucht Oideachais na hÉireann, Teor.

Baile Átha Cliath agus Corcaigh



PB
1399
P43 O83
1900 Z

Coimlucc Oıocaċais na hÉireann, Teóra.
Áċ Cliaċ
Do ċlóbuail.

RÉAMRÁD

Is iomdá cor a cuir án saoġal fóġlaċ de ó scrioḃ Pádraig Mac Piarais, beannaċt Dé le n'anam, na haistí seo. I rit a saoġail cuġ sé treoir do ġean agus do óg agus faid a ḃéas fód glas in Éirinn beiḋ a cuid teagaisc mar lóċrann ag Gaeḋil. An té gur mian leis an teagasc sin a foġluim agus aiṫne ċeart a cur ar an bPiarsaċ féin molfainn dó an leaḃar seo léiġeaḋ. Tá léiriú annseo ar ṫréiṫre uaisle agus ar smaointe fileata an uġdair agus ina ċeannta sin níl sárú a ġlan-Ġaeḋilge le faġáil le gontaċt agus binneas.

Mol an Piarsaċ Cúċulainn mar ġompla do aos óg na hÉireann agus molaim-se Pádraig féin mar ġompla do óg agus aosta. Níl níḋ áluinn dár ċruṫuiġ Dia nár cuġ sé ġean dó, agus, ṫar ġaċ ruḋ eile, ba ġeal leis an t-aos óg—nó "mion-daoine Dé" mar cuġaḋ sé féin orta. Ní luġa ná sin a ġean ar na sean-daoine. "Cuimniġ," ar seisean, "gur ġearr ó ġluais anam an páiste ó láim Dé, agus gur ġearr go brillfiḋ anam an tsean-duine ar Dia."

Ag léiġeaḋ an leaḃair seo ḋom níor ṫéad mé ġan smaoineaḋ ar an slad a rinneaḋ ar Litriḋeaċt na Ġaeḋilge an lá a cuireaḋ an Piarsaċ de'n tsaoġal seo. Is iongnaḋ liom nár foillsiġeaḋ na haistí seo i bfuirm leaḃair faḋ ó soin. Is rí-áċas liom iad a ḃeiṫ ar faġáil anois féin.

T. Ó Deirg.

Clár an Leabair

Prós

	Le.
Lá Fá'n Tuaiṫ	9
Aisling	47
Ós cionn na Fairrge	48
Leanam Loṁ na Laoċraḋ	50
Seanmóir	52
An Éanlaiṫ	54
Soisgéal	56
Seanmóir eile	58
Sgéilin	60
Focailin leis na Páistiḃ	61
Brian Bóroiṁe	63

Dánta

Bethlehem	75
Ar Tráiṫ Binn Éadair	76
Móra duit, a Tír ár nDúṫċais	79

Is mian le Maigréad Nic Piarais, T.D., a buidéacas a gabáil le Connrad na Gaeilge a tug cead di aisti le Pádraig Mac Piarais, a bí ins "An Claideamh Soluis" ó thát go céile le linn do beit 'na eagarthóir ar an bpáipear san, d'foillsiú aris.

Agus is maith léi, freisin, a cur i n-úil go bpuil sí pá comaoin ag Pádraig Óg Ó Conaire, a rinne cóip láimh-scríobta di den téacs uile le hagaid an clódóra.

Lá Fá'n Tuaiṫ*

Peadar Fada

Tugas cuairt fá Ghuirtín na mBó le goiriḋ. Ná fiafruiġiḋ ḋíom cá ḃfuil Guirtín na mBó mar ní innseoċaḋ ḋíḃ é. Ḋá n-innseoċainn is baoġalaċ go mbeaḋ siḃ go léir ag ḋul ann i mbliaḋna, agus, cé gur ḋroċ-múinte agam a ráḋ, b'fearr liom gan siḃ a ḋul ann. 'Na ḋiaiḋ sin is uile, níor mór ḋom a ráḋ go ḃfuil Guirtín na mBó timċeall ḋá mhíle fiċeaḋ siar ó ṫuaiḋ ón Licín, agus tá fios ag an saoġal go ḃfuil Licín suiḋte i gceart-lár sléiḃte Ċonamara, má féaḋann siḃ Guirtín na mBó ḋ'faġáil amaċ as an ṫuarasġaḃáil, téiriġiḋ ann is fáilte. Muna ḃféaḋann, is amlaiḋ is fearr liom é.

I ḋtúis an Ġeimhriḋ 'seaḋ ṫugas an ċuairt seo ar Ghuirtín na mBó. Ní raiḃ fúm ḋul ann 'ċor ar ḃiṫ, go ḋeimhin ní raiḃ fios agam go raiḃ a leiṫéiḋ ḋ'áiṫ ar ḋruim talmhan go ḋtí an lá ar a ḃfuilim le tráċt. Sér'ḋ a ḃí curṫa romham agam aċt an tAṫair Máirtín Ó Máille, saġart pobail Ṫeampaill na Manaċ, a feicsint. Ḃíos i nGaillimh le ḋá lá roimhe sin. D'fágas an baile mór ar ṫraen fiċe nóimiḋ i n-ḋiaiḋ a seaċt, agus do śroiċeas Licín ṫuairim a deiċ.

Ag teaċt as an stáisiún ḋom do ḃreaṫnuiġeas im ṫimċeall le féaċaint an raiḃ cárr as ḃiṫ le faġáil, mar b'feasaċ mé go raiḃ Ṫeampall na Manaċ brabaċ agus ḋá mhíle ḋéag siar ó'n Licín. Ḃí aon cárr amáin ann agus sean-ġearrán bán faoi. Ní raiḃ duine ná deoraiḋe

*"An Claiḋeamh Soluis," 1-2-'02.

i n-a seasamh i n-a aice agus ní raib fios agam cia mba leis é. Bí seisear nó mór-seisear i n-a suidhe ar clairde taob amuig de'n stáisiún ag caiteamh tobac agus ag amharc ar an tír do bí ós a gcomair, ar nós go silfeá nach raib de ghnó le déanamh aca acht tobac a caiteamh agus breachnughadh uatha. Deannuigeas dóib agus deannuig siad-san dom-sa. Ní gádh dom a rádh gur i ngaeidhilg a labhras.

"Cia leis an cárr so?" arsa mise.

Dain thriúr aca an píopa as a mbéal, agus d'fhreagair siad a dtriúr mé.

"Leis an bfear fada sin thall," adeir siad, ag sineadh a méire chuig fear do bí i n-a seasamh leis an gclaide cúpla slat taob thiar díob.

Dearcas ar an bfear fada, agus go deimhin bí a dóthain d'faid ann mar bí sé sé troigthe go leith ar airde. Níl aon chall agam a rádh go raib sé ag caiteamh dúidín com maith leis na fearaib eile agus go raib sé ag amharc uaid go géar chart thimcheall na tíre.

"Gab i leith, a Pheadair," arsa duine de'n triúr, "teastuigeann cárr ó'n bfear uasal seo."

Nior chuir Peadar oiread is cor as.

"Sé mo mheas," arsa mise liom féin, "nach bfuil fonn oibre ar Peadar. Dá mba i ngaillimh do béinn, nó sa gCloichán féin, beadh na céadta tiománaide chart thimcheall orm 'na bfáinne dom bodhrughadh le n-a gcuid caisineachta."

"A Pheadair fada," adeir an fear an dara huair, "gab i leith anseo. Teastuigeann cárr ón bfear uasal seo, adeirim leat."

Chualaid Peadar an tuas seo é agus d'árduig sé a cheann. Is minic na fir fada i n-a bfallsóirib, ach sáruig an fear so a bfaca mé ariamh. Ar deireadh thiar thánic sé

go dtí mé agus ṡeas sé ós mo comair. Ḃain sé an dúidín as a béal.

"D'féidir go mbeaḋ cárr ag teastáil uait," ar seisean.

"An anois a fuair tú fios air sin?" arsa mise.

"Maise nach gcuṫánach atá tú ar a laiġeaḋ áḋḃair?" ar seisean.

"Níl aon ċall agat deaġ-ċainnt a ṫaḃairt uait," arsa mise. "Ḃa mhaiṫ liom dul siar go Teampall na Manach. Cé mhéad a ḃainfeá díom lem ṫiomáint siar?"

"A' dteastóċaiḋ uait teaċt aniar arís?" ar seisean.

"Ní ṫeastóċaiḋ," arsa mise "cuirfiḋ mé fúm i dTeampall na Manach anoċt."

Ṡáiṫ sé an dúidín isteach i n-a béal agus smaoinigh sé ar feaḋ tamaill. Annsin ḃain sé an píopa amach, agus ar seisean—

"Ḃainfinn dá sgillinġ déag díot."

Nuair a bí sin ráiḋte aiġe d'aṫ-ċuir sé an píopa 'na béal.

"Maise a' mbainfeá anois?" arsa mise. "Sé mo ḃaramhail nach mbainfir. Ṫiuḃrainn seaċt is sé piġne duit."

"Nach fial flaiṫeamhail fairsing atá tú?" ar seisean, "ag caiṫeamh do ċuid airgid uait com fánach sin. Cia an ċiall nár fáġ tú na seaċt sgilleaċa as agus a iarraiḋ orm tú ṫaḃairt siar ar na sé piġne?"

"Maise, ḃaḋ mhór liom sé piġne féin duit," arsa mise agus ġuṫ agam leis fá na foclaiḃ a duḃairt sé.

"Dona go leor, a ṫáilliúir," ar seisean.

"Tá luaḋar na gcos agam go fóill, buiḋeaċas le Día," arsa mise.

D'éaluiġ mé ar siubal. Ili raiḃ dá ṡlait siubalta agam gur ġlaoiḋ mo ḟeaḋar orm. D'iompuiġ mé mo ċeann. Sméid sé orm. Ċuaiḋ mé ṫar m'ais arís.

"Cluibhrainn siar ar naoi sgilleadha tú," ar seisean.

"Tá sé i n-a mharbhadh," arsa mise.

Ní túisge bí an marbhadh déanta ná d'imthigh a chuid fallsachta de Pheadar. Rug sé ar mo mhála—ní raibh ar iomchur agam ach máilín beag leathair—agus chait sé isteach i gcabhail an cháirr é. Suidheas fúm ar an gcárr agus shuid seisean faoi ar an taobh eile. Rug sé ar an laisg agus bain smeach aisti. Phreab an sean-gearrán bán go díreach mar caithfí urchur leis—sé mo bharamhail go raibh sé i n-a chodladh go dtí sin—agus as go brách linn chomh maith agus dá mbeadh fiadh-capall fúinn.

Áilneacht Conamara

Cé go raib Peadar Fada beagáinín beag crosta i dtosach, ba gearr gur baineas seanchas as. Nuair tosuig sé ag cainnt ní raib le déanamh agam-sa ach éisteacht leis. D'fiú éisteacht leis, mar ba blasta an cainnteoir é. Táinic an Gaedilg amach as a béal i n-a connradhaib. Ba beag rud ó'n bhlaitheas anuas nár thráct sé air. Bí seanchas éigin le n'innsint aige i dtaob gach cnuic agus gach srutáin dá bhfacamar ag bualadh siar dúinn. Ní raib mullán ná bullán ná oiread agus tom aitinn i bhoisgeacht fiche míle dúinn nach raib aithne aige air.

D'áluinn ar fad an tír thé n-ar gabamar, cé gurb uaigneach í. Bí an bóthar ag dul thé ceart-lár na gcnoc. Uaireanta gabamuis síos i ngleanntán doimhin dorcha, agus uaireanta eile gabamuis in áirde ar dhruim chuic. Bí rig-radharc le feicsint againn ag dul le fánaid dúinn ó mhullach na gcnoc. Bí beanna beola díreach ós ár gcomhair amach. Bí loch beag suirdhe annseo is annsúd fá bun na gcnoc. Uair nó dó d'fédamar an fairrge mhór feicsint díos púinn ar an taob thiar theas. Bí an t-aer chomh glan sin gurb féidir dúinn a feicsint go raib an fairrge i n-a suirde agus go raib capaill Mhanannáin ag rith i ndiaidh a chéile go dtí an tráig. D'aoibinn é taitneamh na gréine ar an gcubar geal-bán agus ar na connradhaib formh-glasa. Bí bád seoil nó dó ag treabhadh na mara.

Fad ár sean-radharc uainn bí cnuic le feicsint—cuid aca fá aiteann, fraoch is raithneach, agus cuid eile chomh lom agus nochd le do bhois. Bí sneachtad i n-a luige

ar mullach a bhfuaimóir mar bí sneachtadh ann timcheall le coicthigis roimhe sin. Ní raibh acht corr-theach le feicsint sgaipthe annseo is annsúdh fá na cnocaibh. Connacaman baile beag nó dó sgathamh maith uainn agus néall beag deataigh ós a gcionn d'á séideadh tart timcheall leis an ngaoith. Bí na beithidhigh féin gann go leor agus ní facamar ach bó nó caora nó gabhar fánach annseo is annsúdh. Muna mbeadh na héanlaithe do ghoillfeadh an fíor-uaigneas ort. Gan tráchd ar na héanachaibh beaga—agus bí go leor leor díobh-sean ag eiteall tart ar gach taobh dínn—connaic mé an bhroigeall agus an gobadán agus an crotach, agus an faoilleán dhuimneach agus an crosán. Connaic, agus níl aon chall agam a ráth go bhfacas an ruadhán aille agus é ag breathnughadh amach go géar le féachaint an raibh creabhar caoch nó naosgach i ngar dhó—agus m'anam go raibh, mar chonnaic mé an dá cheann aca tamall gearr i n-a dhiaidh sin.

Bí an bóthar go breágh cruaidh agus cé go raibh cuma na haoise ar an sean-gharrán bán is aibéil do chuir sé de é. Ar deireadh tiar Connacaman baile beag díos fúinn. Dubairc Peadar fada liom gurb é Baile na Lachan é.

Rinne an sean-chapall air agus fuadar faoi. Bí sruthán beag idir sinn agus an baile agus droicheadh deas cloch air. Bí sioc ann le seachtmain roimhe sin, ach ar an droicheadh bí an sioc leagtha ag an ngréin, agus bí an bóthar chomh sleamhain le leic-oighre. Ag dul le fánaidh dúinn do sgiorr an capall. Tharraing Peadar ar a dhícheall, ach ní raibh maith dhó ann. Sgiorr an sean-gharrán aris is aris eile agus b'é deireadh an sgéil é gur chuir sé i ndiaidh a chinn agus an cárr i n-a mullach. Caitheadh in áirde an beirt againn. Is maith is cuimhneach liom go bhfacas Peadar dá chur in aer agus an sean-dúidín i n-a bhéal i gcomhnuidhe aige. Níorbh am fáire é, mar ní raibh fios agam nach nuéanfaí sprudánaí dem chámaibh in agaidh

na talmhan, ach is beag nár bain an radharc sin gáire asam. Tuiteas siar ar chaol mo dhroma leat-thaob an bóthair agus hóbair an t-anam do sgannruigeadh asam; ach níor sgannruigeadh ná ní dearnadh faocha orm. Dhaileas im seasamh gan mhoill. Bí peadar i n-a shuidhe cheana, agus m'fhocal agus mo lámh dhíbh, bí an sean-dúirdín i n-a bhéal fós aige agus é gan briseadh gan mhúchadh! Bí an capall is an cárr in aon sraith amháin ar an talamh agus peadar dá dtarraing ar a dhícheall. Rugas ar an sceannrach agus tharraing an beirt againn i mbarr ár n-anma. Gach uair d'éirigeadh an sean-chapall tuiteadh sé siar aris, agus go deimhin sé mo mheas go mb'fhearr leis 'na luige ná 'na seasamh. Sgaoileamar an cárr de ann sin, agus ar deire na dálach do tarraingeadh suas é. Ní raibh aon gortugadh air ach oiread linn féin, ach mo chreach chráidhte! bí ceann de leat-laidhib an cáirr i n-a dá leith.

Baile na Lacan

"Támuid i dteannta anois, ar cuma ar bit," arsa Peadar.

Níor féadas é sáruġad.

"Teastóċaid leaċ-laide nua uait," arsa mise.

"Is fearr liom an cárr briste," ar seisean, "ná dá ngortóċaí an sean-ġearrán, ġan tráċt orainn féin. Céad molad ġo deo le Mac Dé naċ ndearnad snaois dár ġcnáimaid."

"Céard déanfas sinn anois," arsa mise, "ó tárla ġan cárr aġainn?"

"Tá mé ag ceapad ġo bfuiġmid cárr ar iasaċt i mBaile na Lacan," ar seisean. "Cuirfe mé beirt nó triúr i ġcoinne an cáirr seo. Teanam uait."

D'imtiġ sé air ag tarraingt an tsean-ġearráin i n-a diaid, agus níord fallsóir mé 'ġá leanamaint. Da ġearr ġur śroiċeamar an baile beag. Níord aon leas-ainm Baile na Lacan a ġlaodaċ air, mar ní faca mé doċt ná noċt ar an tsráid aċ páistí agus lacain. Cruinniġ na páistí tart timċeall orainn i n-a bfáinne ag dearcad ġo cúċal orainn. Ní mór dom a admáil naċ raib caoi nó maiċ orainn mar bí ár ġcuid éadaiġ ċom smeartha sin le draoib an bóthair ġo silfeá ġo rabamar tar éis beit ag unfairt i loċán ar nós muc. Bí cáibin Peadair ar leaċ-taob a cinn agus bí mo hata-sa ċom suaraċ salaċ sin ġo ġceappá ġurab ó bacaċ a furas ar iasaċt é. Níl aon ċall dom a rád ġur ċuireamar iongantas an tsaoġail ar na páistiu.

Tosuiġ siad ag caint is ag cómrád le n-a céile agus ġrád mo ċroide ġo deo iad! ní raib smid asta aċ

Gaeḋilg. Naċ binn í an Gaeḋilg as ḃéal páiste! Ḋá ḃinneaċt iaḋ ceileaḃar na n-éan agus cróṅán na n-aḃann ag riṫ le fánaiḋ, níl ionnta aċ gliogarnaċ i gcomórtas leis an nGaeḋilg ag teaċt amaċ as ḃéal páiste naċ ḃfuil focal Ḃéarla i n-a ċeann.

Laḃras le Gearr-Cailín amáin a raiḃ cúl ḋuḃ gruaige uirṫi agus é in aimréiḋe le famainniḃ casta ṫart timċeall a súl. Ḃí sí ċom cainnteaċ le sean-mnaoi nóimiḋín roime sin, aċ ċom luaṫ is ḋ'osgail mé mo ḃéal ní raiḃ focal aisti. Sáiṫ sí a méirín i n-a leaṫ-súil, agus ḋearc sí sios ar a coisiníḃ beagán lomnoċta go ḋíreaċ mar ḃeaḋ sí gan a ḃreiceál ariaṁ ċeana. Laḃras léiṫi an ḋara huair—sé ḋ'fiafruigeas ḋi ciarḋ ainm agus sloinneaḋ í—agus ḃ'éigin ḋom mo ċeann a ċromaḋ agus cluas a ċur orm féin, le n-a ḋuḃairt sí a ċloistin. Fá ḋeireaḋ agus fá ḋeoiḋ, rinneas amaċ gurḃ í Nóra Patsey í—sé mo ḃaraṁail naċ raiḃ fios aici cia 'ár ḋíoḃ í. D'fiafruigeas ḋi annsin an raiḃ sí ag ḋul ċum sgoile, ḋuḃairt sí go raiḃ le bliaḋain.

"Céard ḃíos tú foġluim ar an sgoil?" arsa mise.

"Ní ḃím ag foġluim taḋa," ar sise.

"Ḋona go leor," arsa mise "agus go cé an fáṫ naċ mḃíonn tú ag foġluim taḋa?"

"Ní ṫuigim céard ḃíos an máġistreás a ráḋ!" ar sise.

"Níl aon Gaeḋilg ag an máġistreás mar sin," arsa mise.

"Níl," ar sise. Ḃí a cuiḋ cúṫalaċta ag imṫeaċt uaiṫi faoi seo, agus ḋ'freagair sí go neaṁ-eaglaċ mé.

"Ḃfuil focal ar ḃiṫ aici?" arsa mise.

"Níl aon focal," ar sise.

Ó ṫárla naċ raiḃ aon uain agam le cainnt, ḋ'fágas mo ḃeannaċt ag Nóra Patsey, agus ḋo ḃailiġeas liom. Ní raiḃ smeaċ cúṫalaċta ar na páistiḃ faoi seo, agus

do ċuireadar go léir "go ngnóṫuiġiḋ Día duit," 'mo díaiḋ.

Bí teaċ ósta aġ ceann na sráide. Rinne Peadar air, agus níorḃ fallsóir mé 'ġá leanamaint. Nuair ṡroiċeamar é, d'imtiġ Peadar aġ iarraiḋ cáirr nua. Deannuiġeas-sa isteaċ. Tar éis mo ċuid éadaiġ a ġlanaḋ agus caoi a ċur ar mo ḣata, buaileas isteaċ i seomra a bí leaṫ-taoḃ an tsiopa. Seomra sáṫaċ mór do bí ann. Bí bord, caṫaoir nó dó, agus cúpla stól ann. Bí toirt mór ṫeineaḋ ar an teallaċ. Bí dealḃ Roibeáird Emmet ar ṫaoiḃ amáin de'n tsimiléar agus dealḃ an Tiġearna Roberts ar an taoḃ eile. Bí an pictiúr ar a ngláoiḋtear "Martial Law in '98" ós cionn an teallaiġ, agus go díreaċ ós a ċomair sin bí an pictiúr úd The Relief of Ladysmith a ṫug Muintir Ḃovril in aisge uaṫa le déiḋeannaiġe. Rinneas meanġa gáire ar ḃféaċaint na bpictiúirí ḋam—ní nár ṁilleán orm.

An Boicín

Bí triúr roṁam sa seomra. Deirt i n-a suiḋe cois teineaḋ agus fear aṁáin ag fáire amaċ ar an ḃruinneoig. Ceannuiḋte muc do ḃí sa mbeirt cois teineaḋ do réir cosṁalaċta. Boicín mór do ḃí sa ḃfear eile. Éaḋaċ galánta air agus hata faisiúnta. Níor ḋoilig a aiṫne go raiḃ sé ṫar éis filleaḋ ó Meiriocá. Ḃí sé ag caiṫeaṁ sigeiréiḋ. Ag gaḃáil ṫairis dom, ċonnaic mé go raiḃ buisgin " Tabs " leagta ar an gclár le n-a ais.

Ḋeannuigeas don triúr i ngaeḋilg. D'fhreagair an deirt cois teineaḋ go ciúin cneasta mé. Níor fhreagair an boicín. D'árduig sé a ṁailí, agus leig sé fead as. Síleas gur ṁoṫuigeas na focla " this lingo! " as, aċ ní raḃas cinnte.

" Deasuig anuas cois na teineaḋ," arsa duine de'n deirt " Tá an donas air le fuaċt."

Suiḋeas síos, d'aṁarcas ar an mbeirt a ḃí ós mo ċomair agus d'aṁarc siaḋ-san orm-sa. Sgraiste mór fir do ḃí i ndúine aca. Crabaḋán beag do ḃí sa ḃfear eile agus é ċom caol le muinéal cuirre-móna. Ċosuigeamar ag cómraḋ. Níor labramar aċ gaeḋilg.

An fad do ḃí an ċainnt ar siubal ḃí an boicín ċall ag aṁarc go droċ-ṁúinte orainn agus ag bogaḋ a ċinn díreaċ mar a ḋéarfaḋ sé—" Mo ṫruaig siḃ, a sprioṡána, ag labairt an allamais ċainnte sin."

Ṫar éis tamaill ṫáinig cailín isteaċ agus ṫug gloine biotáille ḋó. Labair sé léiṫi go hárd ar ċaol go gcluinfimís, " I reckon " ar seisean mar ḃeaḋ sé ag magaḋ fúinn, " We must all speak this mediæval lingo

now," níor fhreagair an cailín é, agus go deimhin sé mo mheas nár chuig sí é, mar ní raibh ach corr-focal Béarla aici.

"Díolfaidh tú as na foclaibh sin, a mhic ó," arsa mise liom féin.

Chomh luath is a bí an cailín imthigthe labhras ós árd ag tabhairt cúl-amhairc ar an mboicín.

"Cia hé an dailtín sin thall?" arsa mise.

Do ghéit an fear díreach mar bhuailfí é. Dá léir gur chuig sé gach focal dá ndúbras.

Chuig an beirt cois teineadh céard do bí fúm a dhéanamh, agus sméid siad ar a chéile. D'fhreagair an fear mór mé.

"Mac lánamhan macánta atá 'na gcomhnaidhe i bhfoisgeacht dá mhíle don áit seo," ar seisean.

"Sé mo bharamhail go bhfuil sé 'réis teacht ó Meiriocá," arsa mise.

"Tig leat a bheith cinnte go bhfuil," ar seisean.

"Níor mhór go mbeadh Gaedhilg ag a mhuintir," arsa mise.

"Tá, agus bí ariamh," arsa an fear.

"Ó tárla go bhfuil sé i n-a Bhéarlóir chomh mór sin," arsa mise, "is baramhlach gur chaith sé fiche bliadain ar a laighead i Meiriocá."

"Níor chaith, muis, ná dá bliadain," ar seisean.

"Cáidhe ó táinig sé abhaile?" arsa mise.

"Níl sé ach trí seachtmhaini ó shoin," ar seisean; "is ar éigin d' aithin sé a mhuintir féin nuair a tháinig sé abhaile. Tá sé ag cur faoi sa teach seo anois i leabaidh tighe a athar."

Tháinig buachaill isteach faoi seo, le hinnsint dom go raibh cárr nua réidh ag Peadar Fada. Nuair a bí sé ag fágáil an tseomra labhair an boicín leis.

"Look here, janitor," ar seisean, "you go and tell

the boss straight away that I won't have any objectionable parties in this saloon."

Nóbair gur bain an focal "janitor," gáire asam, gan tráċt ar "saloon," aċ bíos ró-fearġaċ le gáire a déanaṁ. D'éiriġeas in mo ċeart-ṡeaṡaṁ.

"Dar mo briaṫar!" arsa mise, "go mba ṁaiṫ liom an ċábóg sin a ċaiṫeaṁ amaċ ar an tsráid."

Þreab an boicín 'na ṡeasaṁ agus é ar buile. Táinig sé i leiṫ go dtí mé, agus ar seisean liom i nġaeḋilġ—

"Má's ag iarraiḋ troid a bainṫ asam atá tú, níl mé 'g d' eiteaċ."

"Níl mé ag iarraiḋ troid a bainṫ asat-sa ná as duine ar biṫ," arsa mise, "aċ séard a bí fúm ġaeḋilġ a bainṫ asat, agus sé mo baraṁail gur baineas."

"Cábóg, an eaḋ?" ar seisean. "Cábóg, a ṡuaraċáin! Cábóg a ṫabairt orm-sa agus mo ṁuintir fá onóir agus meas leis na ciantaiḃ!"

"Má tá do ṁuintir ċoṁ honórać sin," arsa mise, "níorḃ ionġnaḋ ḋóiḃ beiṫ bróḋaṁail asat-sa."

Ṡáiṫ Peadar fada a ċeann isteaċ sa doras faoi seo, an sean-ḋúiḋín 'na ḃéal i ġcomnaiḋe aige, agus ar seisean liom—

"Má fanann tú annsin, ag clampar leis an ġcomarsanaċt, tá faiṫċios orm naċ sroiċfiḋ tú Teampall na Manaċ inḋiu."

D'fíor dó. D'fágas mo beannaċt ag an mbeirt cois teineaḋ agus d'imṫiġ liom amaċ. Bí Peadar fada romham ar an tsráid agus cárr nua aige. Bí an sean-ġearrán bán ċoṁ ġasta is a bí sé ariaṁ. Ar siuḃal arís linn gan ṁoill.

Gan sġéal an ġamna duiḋe a déanaṁ de ṡroiċeamar Teampall na Manaċ fá meaḋon lae.

D'fágas mo ċéad slán ag Peadar fada, agus rinneas ar teaċ an pobail. Nior ḋoiliġ é faġáil. Bí sé suiḋte

ar árdán sgaṫaṁ beag ó'n mbaile amaċ. Bí fear ag obair ós comair an tséipéil ag cur caoi ar balla.

"Bfuil an sagart istig?" adeirim-se.

"Cia an sagart?" ar seisean.

"An tAṫair Máirtín Ó Máille," arsa mise. "Naċ é sagart pobail an paráiste seo é?"

"Sé gan aiṁreas," ar seisean.

"Bfuil sé istig?" adeirim-se.

Do leaṫ a śúile air agus do breaċnuig sé orm ó ċeann go talaṁ.

"Deaṁan 'fios agam," ar seisean.

"Maiseaḋ, ba ċeart go mbeaḋ fios," arsa mise, "agus tú díreaċ ós comair an tséipéil."

"Ar nóóig, ní sa séipéal a comnuigeas sé," ar seisean.

"Is baraṁlaċ naċ ann," arsa mise, "aċ sé mo ṁear naċ bfuil a ċeaċ i bfad uainn."

"Tá sé deiċ mile talṁan uainn," arsa an fear.

Nóbair dom tuitim as mo śeasaṁ.

"Mo corp ón seaḃac," arsa mise, "an dáiríre atá tú?"

"Ar nóóig, 'seaḋ," ar seisean. "Cia an fáṫ a mbeinn ag magaḋ fút? Tá dá ċeaċ pobail ag an Aṫair Máirtín —an ceann seo agus an ceann eile tiar i nGuirtín na mBó. Is i nGuirtín na mBó comnuigeas sé. Ní ṫagann sé annseo aċ uair sa tseaċtṁain le Aifreann an Domnaig a léigeaḋ."

"Agus cia an bealaċ a raċainn go Guirtín na mBó?" arsa mise.

"An bealaċ sin díreaċ ós do comair," ar seisean. "Tá Guirtín na mBó seaċt mile taoḃ tiar den ċnoc úd."

Ní raiḃ aon neart agam air. Buaileas an bóṫar, agus níorḃ fallsóir mé 'gá cur díom. Dá uaigniġe an t-aistear ó Licín go Teampall na Manaċ, b'uaigniġe i bfad an bealaċ seo; portaig, fraoċ agus cloċa glasa—sin a raiḃ le feicsint agam, doir, tiar, ó tuaiḋ agus ó deas.

Níor casaḋ ḋom aċt corr-ḋuine. Síleá gur i bfásaċ a beiṫeá. Beiṫeá ag fiafruiġe díot féin cár imṫiġ na daoine agus na beiṫiḋiġ uait.

Do réir mar bíos ag siubhal binn ag breaṫnuġaḋ uaim go géar ar na héininiḃ. Cuirim spéis mhór ins na héanlaiṫ, agus ag taisteal na tíre ḋom, má's ag coisiḋeaċt, ag marcaiḋeaċt nó ag roṫaiḋeaċt a bím, bím ag faire amaċ i gcomhnaiḋe orra. Connaic mé mo ḋóṫain mhór díoḃ an lá seo. Ní call ḋom a ráḋ go n-eiteallaḋ an lon ḋuḃ agus an spideoiġín ṫarm gaċ ré móiméaḋ, ó ṫaoḃ go ṫaoḃ den ḃóṫar. Is minic a cinn an smólaċ ag léimneaċ suas ó bun an ċlaiḋe go ḋtí a barr agus ag glanaḋ leis isteaċ sa mbuaile. Ċluininn foṫram cois an ċlaiḋe, ó am go ham agus, ag amharc ṫarm, cinn an gealḃan cáṫa, nó an gealḃan garḃḋa, nó an glasóg, nó b'féidir an gealḃan creiġe. Ní hannamh do mhoṫuiġinn "gic, gic," le m'ais, agus ṫuiġinn ar ball gurab í an ḃuiḋeoġ a díoḃ ann. Is gearr i n-a diaiḋ sin go bfeicinn an t-éinín buiḋe ag cleasaiḋeaċt ar an mbóṫar cúpla troiġ uaim, aċ comh luaṫ is a ṫugaḋ sé fá ndeara go mbinn ag faire air, d'imṫiġeaḋ sé de léim agus anonn ṫar claiḋe leis. Uair amháin connaic mé an caislín cloċ agus a céile, é féin 'na suiḋe ar an ngéaġ uaċtair de ṫom eile. Is aisteaċ an giolla é an caislín cloċ. Níl áit is fearr leis a beiṫ ná ar fíor-mhullaċ ṫuim éigin, agus cé gur caislín cloċ a ṫugṫar air, is annamh a luiġeas sé ar ċloiċ. Ṫamall gearr ṫar éis an lánamhain seo a feicsinn, cia cífinn aċ an snag breaċ? Seas an biṫeamhnaċ ar barr an ċlaiḋe, ċuir sé a ceann ar leaṫ-taoḃ, agus ḃain lán a ḋá súl asam, mar aḋéarfaḋ sé liom, "cia ṫú féin, a ḋuine cóir, nó cia as ṫú?" Ó ṫárla naċ bfuair sé aon freagra uaim, leig sé sgread as go díreaċ mar mhionnán ag méiliḋ, agus d'imṫiġ leis.

An Dreoilín Beag Fir

Tar éis tamaill suidheas fúm ar an gclaidhe le mo sgíth a leigint. Tosuigeas ag breathnugadh uaim tart timcheall na tíre. Fad mo radharc uaim, ní raibh duine ná deoraidhe le feicsint. Bí sé com ciúin sin go bfeadfá an féar a chloisint ag fás. Bí na héanlaith féin i n-a dtost. Direach ós mo comair bí sean-phréacán—niorb é "An Phréacán Mór" é—ag spaisteoireacht leis féin ar nós sean-mhinistéara, ach ní raibh oiread is "cág" as. Taoibh thiar díom bí sgata de sheocánaibh ag iarraidh bia fá'n gcréafóig, ach mo thruaig go deo iad! 'sé mo mheas gur beag a bí le fagáil acu. D'fada liom gan duine a casadh dom. D'éirigeas im' seasamh agus do bailigeas liom.

Ar deireadh thiar connacas sean-fear agus asal ar bhruach portaig ar an taobh thall de'n chlaidhe. Rinneas orta ar lom mo dhícill. Bí dúchán mónadh ar bhruach an phortaig, agus bí an sean-fear ag lionadh na móna as béal an dúcháin agus 'gá chur ar an asal. Bí an oiread sin fuadair faoi leis an obair seo nár mhothuig sé mise ag druidim leis. Seasas ar fead sgathaimh ag féachaint air. Dreoilín beag fir do bí ann, ach bí sé com lúthmar le sirrfiadh lá earraigh. Cé go raibh sé 'na seanóir ní raibh cuma na haoise air act oiread liom féin. Bí a chuid gruaige com dubh le gual ceardachan, agus ní raibh fiú crith i n-a géagaibh. Nior casadh leipreachán riamh dom, act má castar choidhche sé mo bharamhail go n-aithneochad as an bhfear seo é, mar ní túisge leagas mo súil air ná táinig gréasaidhe na sgillinge im aigneadh. Fá deireadh is fá deoidh labhras leis an sean-fear.

"Dail ó Día ort," arsa mise.

D'áitiuiġ sé a ceann go haibéil agus bain sé lán a dá súil asam. Ní faca tú ariaṁ éadan ba ġreannmaire ná mar bí air. Bí a cuid mailí coṁ mór le tosán aitinn agus iad coṁ dub le sciaṫáin an féiṁ móir. Bí a dá súil coṁ glas le rosġaiḃ fir i dtús a óiġe. Bí an oiread roc 'na craiceann is beag i mbun sean-ḃile crín. Ní raiḃ d'féasóiġ air air aċt tosáinín aṁáin ar ġaċ leiceann.

"Día 's Muire duit, a Aṫair," ar seisean liom, ag baint a cáibín de.

"Lá breaġ fuar, buiḋeaċas le Día," arsa mise.

"Lá breaġ fuar follain, a Aṫair," ar seisean.

Cuiġeas i n-a diaiḋ sin gur saġairtín a síl sé a beiṫ ionnam—ní nárḃ ionġnaḋ, mar ó baṫais mo cinn go bonn mo coise, ní raiḃ dad ar mo cuid éadaiġ aċ iad coṁ dub le sméir. Ó tárla gur ṁian liom beagáinín beag grinn a baint as an sean-duine, níor leiġeas tada orm.

"Tá sé coṁ maiṫ duit suiḋe fá do bonnaiḃ, a Aṫair," ar seisean liom; "is fearr suiḋe ġearr ná seasaṁ fada."

Śroiċ mé barr an ċlaiḋe agus suiḋ mé fúm. Níor labair ceaṫar againn ar feaḋ sgaṫaiṁ. Lean seisean d'á cuid oibre, agus ó tárla naċ raiḃ aon caiteaṁ aimsire ní b'fearr agam-sa, d'aṁarcas air do réir mar bí sé ag bailiú na móna, bíoḋ an t-asal ag imṫeaċt le fán. Ní túisge d'feiceaḋ an sean-fear sin ná tóġaḋ sé maide draiġin do bí leagṫa cois an ċlaiḋe agus ṫugaḋ sé finneán fá'n asal, ag spalpaḋ na mionn san am céadna. Aċ ní raiḃ aon anaċain 'na cuid easġaine, agus siúd is gur minic ṫugaḋ sé finneán fá'n asal, níor ḃuail sé oiread is uair aṁáin é, agus sé mo ḃaraṁail naċ mbuailfeaḋ ar a anam.

Labair sé liom i ndeireaḋ na dálaċ.

"So Suirtin na mBó atá tú ag dul, a Athair?" ar Seisean.

"So dtí seo slán," arsa mise. "Tá Fúm an tAthair Máirtín feicsint. Dfuil aithne agat air?"

"Maise, cia an ciall nach mbeadh, a Athair," ar Seisean. "Nach é sagart an pobail seo é. Maise, is lágach an duine bocht é an tAthair Máirtín. Ní faca tú ariamh créatúr com deas síbéalta leis."

Chorruig an t-asal faoi seo.

"Maise tá mé sáruighte agat ó mhaidin, a mhúirnín!" arsa an sean-fear ag tabairt leadóige do'n chlaide leis an maide draighin. Da minic na focla "a mhúirnín" as a béal dá mba liom-sa nó leis an asal beadh sé ag labairt, agus rud eile, chuireadh sé "in" i ndiaidh gach ré focal dá leigeadh sé as a béal.

"Cia an cineál fir é an tAthair Máirtín?" adeirim-se.

"Gallóta mór atá ann, a Athair," ar Seisean. "Craistín mór fir é. Níl tú féin ró-caithte, a Athair, bail ó Dia ort," ar Seisean, "ach níl ionnat ach spideoigín i gcomórtas leis an Athair Máirtín. Fear an-chuirpiseach é."

D'imtigh an t-asal ar fán faoi seo ag iarraidh feothanáin.

"Maise ní thiubradh triúr aire duit, a mhúirnín," arsa an sean-fear, ag tabairt snaoim don chlaide do leag cúpla cloch. D'fill an t-asal. Tosuigh an sean-fear ag obair aris. Nior labair sé hu ná há ar feadh nóimid. Stad sé annsin, agus ar Seisean—

"Is cosmail le frog é—
Doig ar fad é."

"Ar ndóigh ní hé an tAthair Máirtín atá tú a cur i gcomórtas le frog," adeirim-se ag leigint orm go rabas sgannruighte aige.

"Nár leigiḋ Día," ar seisean, "acṫ is amlaiḋ a táinig an sean-ṗocal sin ċum mo béil le ceisṫ a ċur ort. Bṗuil aon ġaeḋilg agat ar ṗroġ, a Aṫair?" ar seisean.

"Ar ndóiġ tá," arsa mise. "Tá luasġán a' ċlaiḋe agam."

"Bṗuil aon ainm eile agat air?" ar seisean.

"Tá, muis," arsa mise. "Tá leiṗreaċán na laṫaiġe agam."

Ḋain an t-ainm sin ġáire as.

"Maise is ṗior ḋuit, a Aṫair," ar seisean, "acṫ tá ainm a ṡáruiġṫe agam-sa."

"Ar ndóiġ níl?" arsa mise.

"M'anam ġo bṗuil," ar seisean.

"Amaċ leis," arsa mise.

"Tá an Capaillín Uaine" ar seisean. "Naċ ḋeas an t-ainm é?"

Leiġeas leis ġur ḋeas an t-ainm é, acṫ sé mo ṁeas ġurab amlaiḋ a ċum sé an t-ainm uaiḋ ṗéin, mar níor ċualas ariaṁ ná ó ṡoin é.

D'imṫiġ an t-asal ar ṗán an tríomaḋ huair.

"Maise ġo ḋtaċtaiḋ an ḋonas tú, a ṁúirnín!" arsa an sean-ṗear ag taḃairt álaiḋe air. "Ġo bṗóiriḋ Mac Muire orm!" ar seisean annsin, "naċ ḋána an maise ḋom é ag spalpaḋ agus ag easġaine os comair saġairtín."

"Ar ndóiġ ní saġart mise," aḋeirim-se.

D'amarc sé ġo ġéar orm.

"Maise naċ eaḋ a ṁúirnín?" ar seisean. "Sé mo ḃaramail ġur ag ṗonóṁaiḋ atá tú. Naċ eaḋ anois?" ar seisean.

"Ar m'anam naċ eaḋ," arsa mise.

"D'ṗéiḋir ġur áḋḃar saġairtín mar sin tú, a ṁúirnín," ar seisean.

"Ní heaḋ," arsa mise.

" Maise, tá cuma sagairtín ort, ar aon nós," ar seisean.

" Ní fágann sin gur sagart mé," arsa mise. " Is minic a bíos cuma aingil ar an diabal féin."

" Deamhan bréag atá agat sa méid sin," ar seisean. " Agus deir tú liom nach sagart tú."

" Deirim," arsa mise. " Níl aon dá ceird ar dhuim talmhan a bfuil oiread deitbir eatorra is atá idir mo chéard-sa agus céard sagairt.

D'fáiteach mé ar dtús go gceapfadh sé gur mé an diabal féin, ach ní raib sé chom hamaideach sin, ná baogal air.

" Maiseadh," ar seisean tar éis nóimeadín, " b'féidir gur ministéirín tú, a mhúirnín."

" Nár leigid Dia! " arsa mise.

" Tá mé buailte agat, mar sin," ar seisean.

" Tabair iarracht eile faoi," arsa mise.

Machnuig sé ar feadh sgathaimh. D'árduig sé a ceann annsin, agus leig sé sgairt gháire as.

" Maise a dheathairín mo chroide tú," ar seisean, " b'féidir gur fear dligeadh tú."

" Tá agat i ndeireadh na dálach," arsa mise.

" Maise, cia an dochar, a mhúirnín ? " ar seisean " is minic a bí fear dligeadh féin cheasta."

Táinig faitchios air annsin go raib rud éigin as an mbealach ráidhte aige, agus tosuig sé ag cur síos dom ar cheasdacht agus ar mhacántacht dligeadóirí Conamara. Tar éis tamaill buaileas im seasamh.

Sgorruigeann beirt bóthar

"Tá sé i bfad sa lá," arsa mise. "Ní mór dom coiscéim a baint as."

"Deirid mise ag dul sgathamh siar leat," arsa an sean-fear. "Sgorruigeann beirt bóthar."

Tugamar do na bonnaibh é.

"Bfuil ughdar an tsean-focail sin agat, a mhúirnín?" ar seisean liom, agus sinn ag déanamh siar ar chroidhe ár ndícill, agus an sean-asal ag sodarnaigil romhainn."

"Níl muis," adeirim-re.

"Innseochaidh mise duit é," ar seisean. "D'imthigh an Sobán Saor agus a mhac ar thuras, lá.

"'A mhic,' ar seisean le n-a mhac, 'sgorruigh an bóthar.'

"'Ní thig liom a sgorrachan, a athair,' ar seisean, 'acht siubhal go tapaidh.'

"'Níl aon mhaith leat, a mhic,' arsa an Sobán Saor. 'Caithfimidh filleadh abhaile.'

"D'fill siad abhaile. Ar maidin lá ar n-a bárach d'imthigh siad an dara huair.

"'A mhic,' arsa an Sobán Saor, 'sgorruigh an bóthar.'

"'Ní thig liom a sgorrachan,' ar seisean, 'acht siubhal go tapaidh.'

"'Níl aon mhaith leat, a mhic,' arsa an Sobán Saor. 'Caithfimidh filleadh abhaile.'

"Nuair a thainig siad abhaile d'innis an mac d'á mháthair na focla dubhairt a athair leis.

"'Maiseadh, nach tú an mac gan chéill!' arsa an mháthair. 'Nuair adhearfas d'athair leat an bóthar a sgorrachan i mbárach, tosuigh ar sgéal, agus fealladh duit nach bfillfidh sé?'

"Ar maidin lá ar n-a bárach d'imthigh siad aris.

"'A ṁic,' arsa an Gobán Saor, 'giorruiġ an bóṫar.'

"Cosuiġ an mac ar sgéal, agus níor ṁoṫuiġ siad an t-am ag sleaṁnuġaḋ ṫarta gur śroiċ siad an áit a raḃaḋar ag ḋul. Sin agat uġdar an tsean-focail, a ṁúirnín," arsa an sean-fear.

Níor sáruiġeaḋ an sean-focal an turas seo, mar is mór do giorruiġ a ċuid sgéalaiḋeaċta an bóṫar, is níorḃ fada go dtángamar go dtí cros-bóṫar agus dubairt an sean-fear liom go gcaiṫfimis sgaraḋ ó ċéile.

"Cáide go dtí Guirtín na mBó?" adeirim-se.

"Maise, tá píosa maiṫ bainte agat de," ar seisean.

"Sé mo ṁeas go bfuil," arsa mise, "fá ráḋ is go bfuilim ag siubal an bóṫair ó maidin. Áċt, an dtiocfaḋ leat innseaċt dom cia an t-aċar atá le siubal agam?"

"Maise, tiocfaḋ, a ṁúirnín," ar seisean. "An bfeiceann tú an geata bán sin fad do raḋairc uait ar ṫaoḃ an tsléiḃe?"

"Feicim," arsa mise (Ní ḋubras "cím" le Connaċtaċ ariaṁ).

"Maise, naċ tusa a bfuil an rosg glan agat, a ṁúirnín!" ar seisean. "Sílfeá gur mac tuaiṫe a beaḋ ionnat. Lean do śrón go dtí an geata sin," ar seisean, "agus sgataṁ siar ón ngeata, tiocfaiḋ tú go dtí cros-bóṫar. Má iompuiġeann tú ar ṫaoḃ do láiṁe clí annsin agus an bóṫar a siubal go ceann míle tiocfaiḋ tú go dtí sean-roiliġ. Míle go leiṫ ón sean-roiliġ tiocfaiḋ tú go dtí ṫobar beannuiġṫe. Siubal leat ann sin go ceann leaṫ-míle eile, agus beiḋ tú——"

"Ag teaċ an tsagairt?" adeirim-se.

"Ní beiḋ, ná baoġal air," ar seisean. "Beiḋ tú i gcorp-lár an ċurraiġ is mó i gConamara!"

Ġeiteas mar buailfí buille orm.

"Ar an áḋḃar sin de," arsa an sean-fear, "tá sé ċoṁ maiṫ agat gan an bealaċ sin a ṫógáil."

"Sé mo ṫaraṁail go ḃfuil," adeirim-se.

"Maise," ar seisean, "má ṫionntuiġeann tú ar ṫaoḃ do láiṁe deise, agus an bóṫar a ċur díot go ceann míle tiocfaiḋ tú go dtí portaċ beag. Míle go leiṫ ó'n bportaċ tiocfaiḋ tú go dtí sruṫán agus cis ṫairis. Míle ó'n sruṫán tiocfaiḋ tú go dtí teaċ bán agus páircín deas féir ar a ċúl. Níl aċt giota de'n bóṫar le siubal agat as sin go bfeicfiḋ tú geata glas aṫmaiḋ ar ṫaoḃ do láiṁe clí. Sin é geata an tsagairt."

D'fágas slán ag mo ċaraiḋ agus buaileas an bóṫar. D'imtiġ seisean leis ag tiomáint an tsean-asail roiṁe. Bí an oiread gleo as is dá mbeaḋ sé ag tiomáint na milte beiṫiḋeaċ. Fá deireaḋ tiar glan sé as mo raḋarc.

Bí an seolaḋ tuġ an sean-duine ḋom ċoṁ fada sin gur b'éigin ḋom é a ráḋ agus d'aṫ-ráḋ liom féin mar déarfá paiḋir, le faiṫċios go n-imṫeoċaḋ sé as mo ṁeaḃair—míle ó'n ngeata bán go dtí an portaċ, míle go leiṫ ó'n bportaċ go dtí an sruṫán, míle ó'n sruṫán go dtí an teaċ bán agus giota de'n bóṫar ó'n teaċ bán go dtí teaċ an tsagairt.

Aċt dá ḋoiliġe bí sé cuiṁniuġaḋ ar an seolaḋ tuġ sé ḋom, niorḃ féidir a ráḋ go raiḃ sé mí-ċeart. Ċuit gaċ uile ruḃ amaċ díreaċ mar d'innis sé ḋom é. Śroiċeas an geata bán, an portaċ agus an sruṫán, i ndiaiḋ a ċéile agus rinneas ar an teaċ bán ar lom mo díċill.

Díos ag ḋul suas in aġaiḋ cnuic ó d'fágas an sean-fear. I ndeireaḋ na sgríbe śroiċeas barr an ċnuic. Ag aṁarc ṫarm ḋom, ċonnacas go raḃas i gcorp-lár na mbeann, iaḋ 'na gceart-śeasaṁ ar gaċ taoḃ díom gaċ ceann díoḃ níos áirde agus níos uaṫḃásaiġe ná a ċéile. Bí cnoc mór maol fada ar ṫaoḃ mo láiṁe deise, agus beann bearnaċ go díreaċ mar beaḋ cíor coiliġ ar ṫaoḃ mo láiṁe clí. Tré gaċ bearna d'féadas an fairrge d'feicsint agus í ag lonnraḋ fá ṫaiṫneaṁ na gréine.

Seasas ar feadh tamaill le lán mo súil a bainte as a raibh leagtha ós mo comair. Dá mbeadh na milte ag iarraidh cainnt a bainte asam bainfeadh an radharc sin an glór díom. An béal is binne dár labair ariamh ba binne é 'na tost ná ag labairt i lár na mbeann úd.

Buaileas ar m'agaidh. Ar dhruim an chuic mhaoil ar thaobh mo láimhe deise connacas an teach bán. Teachín fíor-deas a bí ann, sráid ós a comhair agus páircín deas féarach ar a cúl. "Foighid leat anois, a dhreathairín mo chroidhe dhú," adeirim-se liom féin, "tá tú i ngar do theach an tsagairt fá dheoidh. Níl acht giota de'n bóthar le siubhal agat go dtí an geata glas."

Giota de'n bóthar an eadh? Má's giota do bí ann níor mhaith liom an t-iomlán do beith romhain mar sgríb siubhail. Dha beag an méad do bí siubhalta cheana agam, ó sgaras leis an sean-duine, i gcoimh-meas leis an ngiota úd. Acht tá deireadh le gach aon rud, bíodh gur bóthar nó sgéal féin atá ann, agus b' é deireadh an sgéil seo gur shroiceas geata glas fá dheireadh.

Seo isteach ar sráid an tsagairt mé. Buaileas an doras. Tháinig bean shlachtmhar meadhon-aosta amach. Beannuigeas di, agus beannuigh sise dom-sa.

"Bfuil an tAthair Máirtín istigh?" adeirim-se.

"Maise, níl, a mhúirnín," ar sise. "D'imtigh sé go dtí an Cloichán ar maidin."

Dha beag nár tosuigeas ag luadh na mionn. Bí dá dtrian de'n lá caithte agam ag tóraidheacht an tsagairt úd, agus gan é romham nuair a shroiceas a theach i ndeireadh na dálach! Dubhairt an bean liom nach raibh súil aici leis an Athair Máirtín go dtí maidin lá ar n-a bárach. Thug sí cuireadh dom bualadh isteach agus cur fúm go maidin. Dubhras léi nach mbeinn com dána sin, ach go bfillfinn ar n-a bárach leis an Athair Máirtín d'feicsint.

Teach Bán na Féile

Amach liom ar fud na bfud. Tugas m'aghaidh ar an mbóthar agus mo chúl ar teach an tsagairt. Ní fada do thriallas go dtáinig tuirse orm.

"Maise, mo thruagh tú, a mhaicín," a deirim-se liom féin, "nárb amaideach an mhaise duit an cuireadh úd d'eitheach?"

D'fhíor dom. Da gharb an gcothach a bí ar an thráthnóna. Níor chuir an dorchadas go fóill, acht ba gharr go dtuitfeadh. Bí an ghaoth thoir-dtuaidh láidir agus í ag dul thíom mar shaighead. Bí múr beag báistighe ag tuitim.

Ní raibh teach le feicsint ach an teach bán. "M'anam," arsa mise "go gcaithfidh mé dídean iarraidh ar mhuintir an tighe bháin."

Ní túisge do ceapadh ná do rinneadh. Níorb fhallsóir mé go dtí an gheata agus isteach liom ar an tsráid. . . .

I n-earball an lae, do shroicheas an teach bán. Seasas ós a comhair agus dubhras liom féin go mbuailfinn isteach le dídean oidhche d'iarraidh ar mhuintir an tighe.

D'amharcas im mhór-timcheall. Sráid sách mór do bí innti, agus lochán ar thaobh amháin di. Bí bárdal agus dá lachain ag snámh ar an lochán agus iad ag srágaighil ar a nditheall. Bí sgata de chearcaibh bailighte chart timcheall an dorais ag fuireach le cuid na hoidhche. Bí cruach mhór mhóna ar an taobh ó dheas de'n teach. Bí páircín mhín-fhómhar ar chúl an tighe agus dá chaoirigh ag imghilt innti. Bí an cnoc 'na cholumhain dírigh as sin suas, agus

ag breaṫnuġaḋ suas dom níor féadas a ṁala d'feicsin ar an áḃar go raiḃ sé fá néall ceaṫa.

Ḃeannuiġeas isteaċ ar an doras. Ní raiḃ boċt ná noċt ró́ṁam aċt bean an tiġe féin. Ḃí sise 'na suiḋe cois teineaḋ agus í ag sníoṁaċán. Nuair ċonnaic sí ċuici isteaċ mé, ḃuail sí 'na seasaṁ agus ċuir sí na mílte fáilte ró́ṁam. Ḃeainín beag díḃeaċ a ḃí innti agus í ċoṁ gasta le circín. Ċuir sí stól cois teineaḋ, glan sí le n-a haprún é, agus ḋuḃairt sí liom deasuġaḋ anuas. Rinneas aṁlaiḋ. Siar léiṫi annsin go seomra eile, agus aniar arís léiṫi agus cupán ḃláṫaiġe aici.

"Ól deoċ," ar sise, ag síneaḋ amaċ an ċupáin ċugam. Níor ṫeastuiġ an dara cuireaḋ uaim.

"Slán an ṁáiṫreaċ," arsa mise, ag breiṫ ar an gcupán agus ag ól a raiḃ ann isteaċ im' ċraos mar ḋ'ólfaḋ cat leaṁnaċt.

Siar arís léiṫi gan hu ná há aisti agus aniar léiṫi ṫar éis nóimiḋin agus cupán eile aici agus é líonta go béal. D'ólas an dara cupán ċoṁ maiṫ céaḋna.

Ṡuiḋ sí púiṫi annsin agus bí seanċas ag an mbeirt againn cois teineaḋ. D'innseas di m' imṫeaċta ó ḋ'fágas Gaillimḣ. Nuair ċuala sí go raḃas gan diaḋ ó ṁaiḋin sgannruiġ sí.

"Sáḃáilṫiḋ Mac Dé sinn!" ar sise. "An créaṫúir! gan blas le n'iṫe ó ṁaiḋin! M'anam, maise, gur tusa an mac mí-fortúnaċ!"

Suas léiṫi, agus bí saoṫar an doṁain uirṫi ar feaḋ tamaill ag gléas diḋ dom. Ċuaiḋ sí soir go dtí an garraḋa le fataí a ḃaint. Ar ḃfilleaḋ go dtí an teaċ di, tosuiġ sí 'gá nglanaḋ go díreaċ mar ḃeaḋ a hanam air. Nuair a ḃí na fataí glanta aici ċuaiḋ sí go sac plúir do ḃí ar ċúl an doráis agus ḃain sí dá ṁám plúir cruiṫneaċta as le buinnóg a ḋéanaṁ. Níor stop sí aċt ag caiṁnt faiḋ is a ḃí an obair seo ar siuḃal aici. Ó

am so ham breachnuighead sí amach ar an doras, agus adeiread sí :

" Is fada amuigh Máire."

" Maise, cia hí Máire ? " adeirinn-se liom féin ag clos na bpocal so dom.

Ní faca tú ariamh bean chomh shóchach is do bí Cáitín—b'in é ainm mná an tighe—ar fead ceachramhad uaire. Shílfeá go mbeadh na milte leis an suipéar a chaitheamh i leabaidh fir amháin. Da truagh chráidte liom nár féadas cabair ná congnamh a thabairt di. Bíodh na muca ag teacht isteach gach ré nóimid ag sádadh a srón isteach i ngach uile rud agus ag cur feirge na cruinne ar Cáitín. Bíodh an bean bocht ag déanamh orta go bagarrach, agus ag rádh: " Gabaidh soir! " " Fágaidh sin! " " Droch-rath oraibh! " agus a leithéidí. Bead sé chomh maith dí beith ag feadaigil.

Ar deiread liar, le cabhrughadh léithi, ghabas-sa orm féin an biadh do chosaint ar na mucaibh, agus thosuigeas ag bagairt orra go borb, agus sa deiread ag caitheamh aithinneacha leo.

Dí an gleo so ar siubhal againn nuair adubairt Cáitín, ag breachnughadh amach an doras di,

" Tá Máire ag 'ul aniar."

Máire Óg is Pádraig Bán

Ní orb fada 'na diaid sin go gcualas Máire isteach cugainn ar an tsráid. D'árduigeas mo ceann le feicsint cia'rb í féin. Táinig sí go dtí an doras, agus, ar bféachaint an strainséara di, seas sí go cúthal ar an tairsig. Ó tárla gur seas, bí uain agam le lán mo súl a baint aisti.

Deirim mo deimhin díb gur deas an cailín do bí innti. Ní raib sí thar sé bliadna déag d'aois. Bí sí fionn-bán agus cúl dualach gruaige uirri. Bí a cuid gruaige go cloipeach anois thar éis na gaoithe. Bí clár a héadain com min leis an gceannabán, agus, dá mbad file mé, cuirfinn a craiceann i gcomh-mheas leis an sneachtad, agus a béilín i gcomh-mheas leis an gcaor caorthainn. Ní féadfá a rád ciaca leis an lile nó leis an rós ba mó bí a gruad ag dul i gcosmhaileacht. Bí sí cos-lomnocht, agus ní faca tú ariamh rúitín ná coisín ní ba deise ná mar bí púrti. Bí pigín ar iomcur aici, agus é lán de leamhnacht. Da léir go raib sí thar éis na ba a bleagain.

"Tabair deoc leamhnachta do'n duine uasal, a Máire," arsa Cáitín.

D'imtig Máire siar leis an mbainne do sémluigad, agus nuair a bí sé sémluigte aici táinig sí aniar agus tairg sí deoc dom. Bí an oiread ólta agam cheana is do bí le mí roimhe sin, act ó tárla gurb í Máire tairg dom é, ar mo bás níor féadas a heitead.

"Faduig teine, a Máire," arsa Cáitín, agus í ag dórtad cupán bainne ar an bplúr.

Bí teine sáthach mór tíos ceana, act ba deacair Cáitín a sásamh. D'imtig Máire soir agus anoir léiti gan moill

agus bacóg mónа ar iomcur aici. Cait sí an bacóg ar an teallaċ agus croim sí ar an teinid fadugad.

Da mian liom-sa cainnt a baint as Máire, mar siúd is gur binn í Gaedilg Cáitín ba deimin liom gur binne í Gaedilg Máire, cé nár mothuigeas focal aisti go dtí seo.

"Da mait liom," arsa mise léiti sa deiread, "dá mbead fios agam ar an gcaoi is fearr le teine a fadugad."

"Múinfid mise duit é," ar sise.

Níl aon ċall dom a rád go rabas toiltеannaċ go leor ar ċeaċt d'fagáil uaiti. Go dearbta ní minic a bí múinteoir ba deise ag duine ná mar bí agam-sa an lá úd. Le cruthugad gur mait an teagasgaide í, agus gurb aireaċ an sgoláire mise san am ċéadna, cuirfead síos i ndiaid a ċéile go díreaċ mar d'faduig sí an teine.

Nuair bí an bacóg caitte ar an teallaċ aici, rug sí ar an tlú agus tarraing sí an teine amaċ ó'n mbac. Annsin ċuir sí na fóide b'fuide i n-a seasamh ar a gceann le cúl na teineid, ċuir sí na haitinneaċa dearga 'na seasamh in agaid na bpód, agus d'faduig sí na fóide ba giorra in agaid na n-aitinneaċa úd. Réir mar bí sí ag fadugad na teineid, ċuiread sí na fóide fada ar a gceann, agus dá mbíod aon fód ní b'fuide ná an ċuid eile, déanfad sí dá leit de treasna a glúine. Dá mbíod fód ar bit aca do-briste, buailfead sí in agaid an baic é, agus is aici a bí an ċiall gan a glúnín a gortugad. Briseas-sa ceann nó dó dí, act creidim gur sgiobta agus gur deas-láṁaige d'féadfad sí an obair a déanaṁ í féin. D'isig an beirt againn ar ar nglúna annsin, agus tosuigeamar ar an teine a séidead le n-ár gcuid anála. Act do réir mar bí Máire ag deargad na teineid is amlaid do bíos-sa 'gá cur as.

"Naċ fada atá an teine ag dearġaḋ, a Máire," adeireaḋ Cáitín anois is arís.

"Tá an móin beaġán tais," adeirinn-se, nuo nárḃ fíor dom, ġo bfóiriḋ Dia orm, mar is mé féin ba cionntaċ leis an trioblóid uile.

Aċt fá deireaḋ is fá deoiḋ bí an teine dearġta aġainn —nó, má's fírinne ġlan atá uaiḃ, ag Máire—agus a leiṫéid do ċeimiḋ ní faca siḃ ariaṁ. Ní túisge bí sí dearġta ná táinig Cáitín anios agus pota mór fataí aici. Rug Máire ar an lúiḃ do bí ar an ġroċaḋ, sáiṫ sí isteaċ i ndúirnínib an pota í, agus ċuir Cáitín an pota ar croċaḋ ós cionn na teineaḋ. Deasuiġ Máire áit feileaṁnaċ don ġreideal annsin, agus ċuir Cáitín síos an bonnóg. Nuair bí sin déanta líon Máire an citeal agus ċuir sí síos é sin ċoṁ maiṫ céadna. Dearg an teine fá ṫóin an ċitil, agus ba ġearr ġo raiḃ sé ag fiuċaḋ ar ċroiḋe a ḋíċill. Nuair ṁoṫuiġ Máire ag fiuċaḋ é, líon sí an taepot agus ċuir sí i n-a ṡuiḋe ar fód é. Tarraing sí amaċ lán an tlú don ġríosaċ agus ċuir sí faoi é. San am céadna ċuir sí síos cúpla uḃ. Ba léir naċ mbeaḋ aon easbaiḋ biḋ orainn ar aon ċuma. Nuair bí an ġnó so ar siuḃal ċuaiḋ Cáitín ġo dtí an doras agus ag féaċaint siar di, ar sise :

"Tá Páḋraig ag 'ul aniar." Tamall i n-a ḋiaiḋ sin ṁoṫuiġeas Páḋraig ag 'ul isteaċ an ġeata agus é ag tiomáint asail roiṁe, dar liom. Tár éis an t-asal do ṡeolaḋ soir, táinig sé ġo dtí an doras, agus ar bfeicsint an strainséara dó, ṡeas sé ġo cúṫal ar an táirsiġ ġo díreaċ niar do ṡeas Máire leaṫ-uair roiṁe sin. Ġasúr beag deas a bí ann, timċeall dá bliaḋain déag d'aois, agus níor ḋoiliġ a aiṫne ġur dearḃráṫair do Máire é. Bí a aġaiḋ ċoṁ ġeal leis an ngréin, agus níl rosg an tseaḃaic seilge nios ġlaine ná mar bí a rosg-san. Bí Máire fionn-bán, aċt má bí, ba báine i bfad is i bfad

Pádraig ná í, agus foiṫ casta air, ar nós oína uaiṁín Márta. Bí sé ċoṁ caol le heasóig agus do réir cosṁaileaċta, ċoṁ luaṫ le girrfiaḋ. Bí culaiṫ báiníní air, agus caipín oína ar a ċeann. Fearaċt a máṫar agus a ḋeirḃśeaṫar, bí sé cos-lomnoċt.

"Taḃair sop féir do'n asal, a ṁaicín," arsa Cáitín leis. "Iíoṙḃ iongnaḋ dá mbeaḋ an créatúir caillte le hocras."

D'imṫig Pádraig ar an toirt agus, tar éis sop féir agus pigín fíor-uisge a ṫaḃairt do'n asal, d'fill sé go dtí an teaċ agus ḋeasuig anuas cois teineaḋ. Bí sé gan laḃairt go dtí seo. Dá ċúṫalaċtaiḋe í Máire níor ċúṫaile í ná Pádraig. Suiḋ sé faoi gan gíog as. Leis an aimsir a ḃréagaḋ tosuig sé ar ṁéaraċa a ċos a ċoṁaireaṁ—nó, ar an gcuid is luga ḋe, gaḃ sé ag sgrúḋuġaḋ a ċuid cos ċoṁ géar sin gur ċeapas gurḃ é sin an gnó a bí idir láṁaiḃ aige.

"Pádraig atá ort-sa, an eaḋ?" arsa mise leis sa deireaḋ.

"Seaḋ," ar seisean.

"Pádraig Bán tugas muid air," arsa Cáitín, agus í ag casaḋ an lampa.

"Maise, oireann an t-ainm ḋó," arsa mise. "Pádraig atá orm-sa, ɟ leisin, cé naċ Pádraig bán mé."

Lomtuige Suairc Sásta

Ní facá tú ariamh bean a bí com bródamail is bí Cáitín ar scloistin dí gurb ionann ainm dom-sa. is do Pádraig Bán. Ní raib Pádraig féin mí-sásta acht com beag.

Ní raib uain agam le tuilleadh cainnte a baint as Pádraig gur buail duine eile isteach. Sean-fear do bí ann, agus dubairt Cáitín liom gurb é a hathair é. Labras leis an sean-fear ar feadh tamaill acht bí sé com manntach sin gur deacair é tuigsint, agus má deireadh leigeas dó.

Bí na fataí bruitte faoi seo, agus tóg Máire de'n teinidh iad. Bí sí 'gá dtaomadh ar an sciseoig nuair táinig fear eile isteach. D'é fear an tige féin é. Fear mór millteach do bí ann, agus é com láidir le fatac do réir cosmailteachta. Bí sé ag liatacan, acht b'furasta a aithne go raib sé fionn-bán i dtús a óige, agus gur uaid-sean do fuair Máire agus Pádraig a gcuid cas-gruaige báine. Deannuig sé go cneasta dom, agus cuir sé fearadh na fáilte roimham. Silfeá gur rí ag cur fáilte roimh árd-flaith a bead ann, acht amháin nach dtug rí riamh beannacad do duine com croidheamail cartannac is tug seisean dom-sa. Teannamar suas leis an mbord ann sin, agus geallaim díb go raib goile againn cuig a raib deasuigte linn ag Cáitín.

Nuair bí itte agus ólta againn, d'fiafruigeas de Cáitín an bféadfad sí leaba a tabairt dom go maidin.

" M'anam go bféadfainn agus céad fáilte," ar sise. " Is suarac a bfuil againn, acht ní béid tú gan fosgad ar cuma ar bit."

Bí go mait. Dailigeamar tart timcheall na teineadh,

agus nach againn do bí an ċéilidh! Ní raibh acht aon ċathaoir amháin sa teach agus tugadh i sin dom-sa. Suidheas ar an taobh clí de'n tsimléir. Suidh an sean-fear ós mo comair ar an taobh eile. Suidh Pádraig Bán le n-a ċois-sean, agus le cois Pádraig bí Cáitín. B'é Miceál Mór—mar b'in é ainm fir an tighe—an ċéad duine eile, agus bí Máire 'na suidhe ar stóilín idir eisean agus mise.

Bí leabhar ag Pádraig Bán ar a ghlúnaibh agus é 'gá sgrúdadh go mion. D'fiafruigheas de cia an leabhar do bí ann, agus, mo ghoirim é! céard do bheadh ann acht an sean-Dhuanaire, leabhar do ċuir an tAthair Eoghan Ó Gramhnaigh i gcló tá bhabhaċ agus deiċ mbliadhna ó shoin ann. D' aoibhinn liom a feicsint go raibh sé in-ann Gaedhilg a léigheadh. D'innis sé dom go raibh sé 'gá foghluim ag an sgoil, agus go bhfuigheadh sé corr-ċeaċt ón Athair Máirtín 'na theannta sin. D'iarras air giota a léigheadh dhúinn, agus rinne. Go dearbhtha, ba bhlasta uaidh an Gaedhilg a léigheadh, ní hé amháin go raibh casadh a theangan ins na foclaibh, acht bain sé ciall agus bríghe agus fuinneamh as gach uile focal a bí ar an bpáipéar ós a comair. Níl aon ċall agam a ráidh gur thaitnigh a ċuid léighteoireaċta liom, agus maidir le Cáitín, bí an bean bocht as a meadhair le práidhinn agus bródh as tréithibh a maicín. Acht má bí, níorbh é sin dálta an tsean-fhir, ar a raibh fonn codlata.

"Tá codladh ar an bhfear sin thall," ar seisean, ag sineadh a mhéire ċugam-sa.

"Stop do bhéal," arsa Cáitín, agus sprabhas uirthi. "Ort féin atá an codladh."

Bí an seanóir tuitte 'na throm-shuan agus é ag srannadh sul má bí na focla so as bhéal Cháitín. Lean Pádraig dá ċuid léighteoireaċta. An fad a bí sé ag léigheadh, bhuail beirt nó triúr fear óg isteach, agus shuidheadar fúta—duine aca ar stól, duine eile ar sac plúir agus an triomadh duine, b'fhéidir, ar mhála coirce.

Nuair a bí deireadh le léigheireacht Pádraig d'fiafruigeas de Mháire an bféadfadh sise beagáinín a léigeadh dúinn.

"Níl aon rath orm," ar sise. "Bíonn Pádraig am' mhúineadh, acht níl aon mhaith im' léigheoir orm."

Bíos ar tí an leabhar a thabairt di, nuair d'osgladh an doras arís.

"Seo é Cugainn Eoghainín na Sgéalta," arsa duine de na buachaillí.

D'árduigeas mo cheann agus cé do cífinn ag bualadh isteach an doras acht an dreoilín beag de sean-fear do casadh dom ag an bportach ar maidin! Nuair connacas Cugam isteach é, níor féadas ar mo bás gan mo béal d'osgailt agus sgal gáire a leigint asam. Rinne seisean an cleas céadna. Síl muintir an tige go raibh an beirt againn ag cailleamhaint ár meabhrach—ní nárbh iongnadh—gur innseas dóibh go raibh cáirdeas againn le n-a chéile ó mhaidin.

D' éirigh Pádraig Bán agus thug sé a stól d' Eoghainín. Bí Pádraig bocht gan suidheachán annsin, gur tharraingeas-sa amach saicín folamh do bí ar mo chúl agus gur leathas ar an urlár ós mo chomair é. Smeideas ar Pádraig annsin le teacht anall go dtí mé. Rinne sé amlaidh, agus suidh sé fá n-a bonnaibh ar an saicín, agus cúl bán a chinn in agaidh mo ghlúine. Nuair connacas Máire agus Pádraig 'na suidhe ar an gcuma sin le hais a chéile, agus taitneamh na teineadh ar a gcuid gruaige fionn-bháine, ceapas dá gcuartóchainn Éire nach bfuigfinn beirt páistí badh deise 'ná iad.

Oiḋċe Śuairc Cois Teine

"Creiḋim go bfuil sgéal agat, a Eoġainín," arsa Miċeál Mór.

"Maise, an gcreiḋeann, anois?" arsa Eoġainín. "Ar fear an tiġe atá an ċéad sgéal."

"Sgéal uaim-se, an eaḋ?" arsa Miċeál. "D'é baint na tuaiġe as láimh an tsaoir é, dá dtosnóċainn-se ar sgéal innseaċt, agus Eoġainín na Sgéalta i láthair."

Bí fios ag Miċeál naċ bfuil doċar ar bit i mbeaġáinín bladair, amanta. Níor labair Eoġainín hu ná há ar feaḋ sgaṫaimh, agus ar seisean annsin:

"Maise, creiḋim go bfuil sean-sgéal eicínt in ioċtar mo ċinn, dá bféadfainn cuimhniuġaḋ air."

"Amaċ leis," arsa Miċeál Mór.

Ṫeannamar níos foiġse don teinid, agus ċuireamar cluas le héisteaċt orainn féin. D'fan Eoġainín gan labairt ar feaḋ nóimiḋe. Ní raiḃ fios le cloistint sa teaċ. Ṫuġ an sgéalaiḋe sgaoileaḋ dá ċuid Gaeḋilge annsin, agus ṫáinig an ċainnt amaċ as a béal 'na sroṫán. Sgéal fiannaiḋeaċta 'seaḋ d'innis sé dúinn, agus raċaiḋ mise i mbannaiḃ naċ bfuil sgéalaiḋe in Éirinn d'á méid a ċlú d'féadfaḋ sean-sgéal a ṫabairt uaid ċom maiṫ le hEoġainn na Sgéalta.

Bíos ag breaṫnuġaḋ ar Pádraig Bán fad is bí an sgéal d'á innsint. Ní raiḃ cor as, ó ṫosuiġ Eoġainín gur staḋ sé. Bí a súile ar lasaḋ 'na ċeann agus iad greamuiġte d'éadan an tseanċaiḋe. Ba léir go raiḃ sé ag súġaḋ isteaċ gaċ aon focal d'ár leiġ Eoġainín as a béal amaċ. "Béid Pádraig Bán 'na sgéalaiḋe nuair fásfas sé suas," arsa mise liom féin.

Fá deireadh tiar cuir Eoghainín críoch le n-a sgéal. Tug duine de na buachaillíb amhrán leis an Reachtaire dúinn annsin. Bí sé ag dul san oidhche faoi seo, agus bí na fir óga ag imeacht i ndiaidh a chéile. D'imtigh Eoghainín féin sa deireadh nó go dtí nach raibh fágtha aghaidh acht muintir an tighe féin.

"Tá sé in am fairdín," arsa Micheál Mór.

D'fhéach Cáitín orm-sa, thug sí uille do Mhicheál, agus chuir coghar 'na chluais. Thuigeas ar an toirt céard do bí 'na hintinn.

"Ná bíodh faitchíos oraibh," arsa mise, "is Gaedeal mé."

D'ísligeamar annsin, agus dubhramar an fairdín. Tar éis an fairdín, dubairt Cáitín liom go raibh leabaidh deas chluthmar lem aghaidh sa seomra thuas.

"Tá súil agam nach bhfuilim ag cur as dhíbh," arsa mise.

"Maise, beannacht Dé duit," ar sise, "nach bhfuil dá leabaidh eile aghaidh—ceann sa seomra thall agus ceann ar an lochta?"

"Má tá nach bhfuil aghaidh acht dá leabaidh eile," adeirim-se, "ní dheidh slighe dhíbh dhur gcúigear. Caithfidh sibh fáthraig beag a chur im leabaidh-se."

"Nár leigidh Dia," arsa Cáitín, agus í sgannruighte. "Imtigh leat a chodlaidh go tapaidh, a fháthraig."

Bí fáthraig ag imeacht air go dtí an lochta, acht sul mar bhroic sé an dréimire dhubhras le Cáitín nach racainn a chodlaidh chor ar bith muna leigfeadh sí do fháthraig codlaidh in éinfeacht liom. Cé gur dhian an bean í, ní raibh árach aici acht géilleadh dom.

"Beatha duine a thoil," ar sise. "Tá an lochta sách maith ag fáthraig, acht má tá tú leagtha amach ar do leabaidh féin a roinnt air, ní racaidh mise romhat."

Chreidim nár mhiste le fáthraig ceann a bheith aige codlaidh in éinfeacht liom. Dhailleamar siar go dtí an seomra gan mhoill, bhaineamar dhinn go haibéil, agus isteach linn

i mullaċ ár gcinn sa leabaiḋ. D'fanamar 'nár ndúiseaċt ar feaḋ uaire ag seanċas le ċéile. Ba céilliḋe géarċúiseaċ é cómráḋ Pádraig, agus ba binne liom a ċuid glan-Gaeḋilge ná ceol na naoṁ. Aċt fá ḋeireaḋ agus fá ḋeoiḋ, táinig codlaḋ ar an mbeirt againn, agus go deiṁin ba miṫid é. Tuit Pádraig o'á ċodlaḋ i dtosaċ, agus tamaillín 'na ḋiaiḋ sin, go díreaċ nuair bí an coileaċ ag glaoḋaċ agus na héanlaiṫ ag corruġaḋ taoḃ amuiġ don fuinneoiġ, tuit trom-ṡuan codlata orm-sa. Ní cuiṁin liom tada—ní naċ iongnaḋ—gur ḃúisiġ Pádraig Bán mé le lán-tsolas an lae.

Tar éis breicfeasta, bí orm dul go tí an tAṫair Máirtín arís. D'fágas mo ċúig céad slán ag muintir an tiġe, agus cé naċ raiḃ aiṫne agam ar a ċéile aċt lá, ba ḋoilġeasaċ dubrónaċ sinn ag sgaraḋ. Ċuireadar fá ġeasaiḃ mé cuairt eile taḃairt orra i rit an tSamraiḋ seo ċugainn, agus geallaim díḃ naċ bfuil fúm cliseaḋ orra.

Ḃailiġeas liom go teaċ an Aṫar Máirtín agus fuaireas an sagart roṁam. Níorḃ fada sinn ag socruġaḋ ár gcuid gnóta. Tugas mo ċúl ar Ġuirtín na mBó annsin, agus m'aġaiḋ ar Ġaillimh. Bí an oiḋċe ag druiḋim isteaċ orm nuair śroiċeas an baile mór.

Sin iad anois agaiḃ m'imteaċta i nGuirtín na mBó. Is fada liom go dtiuḃraḋ aṫ-ċuairt ar an áit. Fuaireas litrín an lá ċeana ó Pádraig Bán 'gá ráḋ go bfuil súil aca liom go gairiḋ. Má téiġim ann, agus táim ag ceapaḋ go raċaḋ, béiḋ sgéal eile agaiḃ uaim suil má tí i bfaḋ.

(Críoċ).

Aisling*

Do shuíodh sé cloch na fairrge is mé go dubhach. Dá chéad troigh síos uaim bí tonn ag briseadh go fuaimneach ar an dúirling. An choite 'na dtángas go dtí an ball uaigneach úd, bí sí d'á luasgadh ar barr na tuinne san áit a raibh sí ceangailte agam. Ní raibh aon daonnaidhe 'mo ghoire.

Bí an oíche dorcha. Bí an ghrian ag dul faoi san iarthar, acht ní raibh marc uirthi le faghail. Bí ceo glas ar an muir. Bí an spéir fá smúid.

Tháinic torann na tuinne aníos chugam mar éagcaoine an duine do bheadh d'á phianadh ag deamhnaibh. Labhair faoilleán san doimhneacht. Dá chosmhail a ghlór le sgread truaighméileach an anmna do bheadh ar fán ó Dhia.

Sgaip na néalta go hobann agus soillsigh an ghrian. Do dhearcas thar an muir amach, agus féach! bí bóthar fada fairsing—é chomh mín le gloine, é chomh solusmhar, dar liom, le hurlár na bPlaitheas—ag sineadh ós mo chomhair amach—amach—amach—thar thromchla na bóchna, ó bun na haille go dtí an ghrian!

D'éirigh an faoilleán ar eiteoig agus d' imthigh leis siar an bóthar úd, an ghrian ag dealladh go glórmhar ar a sgiathánaibh. D'fhaireas é ar fead i bhfad. Siar, siar leis i gcomhnuidhe go ndeachaidh sé, mar fhactas dom, isteach i gcroidhe na gréine.

"A fhaoilleáin álainn," arsa mise, "rachaidh mé i mo choite go dtrialladh mé an bealach soillseach úd in do dhiaidh."

D'éirigheas 'mo sheasamh, acht ar an móiméad chuaidh an ghrian fá bun na spéire, d'imthigh solas iongantach an deiridh lae as, agus leach dorchadas ar an dílinn.

*"An Claidheamh Soluis," 4-8-'06.

Ós cionn na fairrge*

Shuiḋeamar lá ós cionn na fairrge. Bí an ġrian ag ḋul faoi san ḋoṁan ċiar. D'íslig sí go mall, mall nó go ndeaċaiḋ sí as aṁarc, d'á báċaḋ, mar aḋéarfá, ins an aiġéan. Leaċ ḋorċaḋas ar an ġcuan do bí ós ár gcoṁair amaċ, agus ar na cnocaiḃ do bí taoḃ ċiar ḋínn. D'fanamar 'nár suiḋe san áit uaignig sin, agus cáinig an smaoineaḋ seo isteaċ in ár gcroiḋe :

" Tá an ġrian imċiġte faoi. Tá solas glórṁar an lae múċta. Tá sé 'na oiḋċe ar fuḋ na ḋtalta is na ḃfairrgí. Tá na ḋaoine agus na beiċiḋig, na héanlaiċe agus na bláṫanna, 'na gcodlaḋ. Níl corruiġe ar fuḋ an ḋoṁain. Tá an ġrian imċiġte faoi.

" Áċt tá fios againn go n-éireoċaiḋ an ġrian aris maiḋin i mbáraċ. Ġealfaiḋ lá eile san ḋoṁan ḋoir. Ċifear solas ionġantaċ ar ṁullaċ na gcnoc agus ar ḃarr na n-uisgí. Cluinfear ceileaḃar ag an éanlaiċ ins na coillṫiḃ. Cluinfear ġéimneaḋ ó na beiċiḋeaċaiḃ ar na bántaiḃ. Cluinfear gáire ó na páisḋiḃ ar na bóiṫriḃ. Ḋúiseoċtar ar fuḋ an tsaoġail móir. Tosóċtar ar obair agus ar ṡiamsa agus ar ḃuaiḋreaḋ lae eile. Beiḋ sé 'na lá."

Agus cáinig an smaoineaḋ eile seo isteaċ in ár gcroiḋe 'na ḋiaiḋ sin :

" Tá sé 'na oiḋċe in Éirinn le fada. Ċuaiḋ an ġrian faoi na céaḋta bliaḋan ó ṡoin. D'imiġ néalta áilne an lae as, agus leaċ ḋorċaḋas ar an ḋúṫaiġ. Coisgeaḋ ceileaḃar na n-éan agus ceol na gcláirseaċ agus gáire na bpáisḋí. Tá an ṫír 'na tost. Tá sí 'na codlaḋ.

" An ngealfaiḋ an lá in Éirinn ? An ḃfeicfear solas

*"An Claiḋeaṁ Soluis," 13-10-'06.

tongantaċ na maidne ar mullaċ na gcnoc agus ar barr na n-uisgí? An gcluinfear aris ceileabhar na n-éan agus ceol na gcláirseaċ agus gáire na bpáistí?"

Labair an gut 'nár gcroidhe agus adubairt:

"Ní feicfear an solas sin. Ní cluinfear an ceol sin. Ní gealltar do chum ná do náisiún act aon ré amháin. Tá ré na hÉireann caitte. Ní casfaidh sí go deo na ndeor."

Act labair an dara gut 'n ár gcroidhe, agus seo mar dubairt sé:

"Gealfaidh an lá aris. Cifear solas na maidne ar na sléibhtibh agus ar na huisgibh. Cluinfear ceol ins na coillteibh agus ar na bóithribh, i mbocánaibh ar chaob na gcnoc agus i gcathaċaibh móra, i hallaí ríoghda agus i dteampallaibh Dé. Níl ré na hÉireann caitte. Ní caitfear ré aon náisiúin act d'á dheoin féin. Agus má caitfear ré náisiúin de barr a lag-mhisnigh nó a mí-dhóċais féin, bíonn an dara ré ann má oibrighear i gceart fá n-a comhair. Níor chaill Dia ariamh ar náisiún nár chaill uirthi féin."

Leanam Lorg na Laocrad*

Má's fíor go ngealfaid an lá in Éirinn aris, mar adubairt an gut do labair linn agus sinn go huaigneach ós cionn na fairrge, má's fíor go mbeid lá eile ag an bpaorac, cén sórt saoghail a béas againn in Éirinn nuair tiocfas an lá sin? Má's fíor, mar dubrad fadó,

> "Gur mó ná adbairt in gach ré,
> Comairle Dé fri Éirinn uill,"

cia an comairle atá ceapta ag Dia dúinn? Ag Dia amáin atá a fios sin, agus is dóca go mba dí-céillide an rud dúinn-ne nó díb-se beit a d' iarraid an rún do noctad. Noctfar leis an aimsir é.

Act 'na diaid sin is uile is tairbeach an rud machtnam do déanam ar an gceist. Is fíor gurab é Dia ceapas an comairle, act is minic nach gcuirtear an comairle sin i gcrích. Is minic a milleas an duine comairle Dé. Is aisteach an rud é seo le rád, act is firinneach. Geall Dia intinn agus toil do gach aon againn. Tá riar ár dtola féin fúinn féin againn. Cé go bfuil Dia uile-cumachtach, ní féidir leis ár n-anmna do saoradh, ná sinn do stiúrad cum ár leasa, act dár ndeoin féin. Muna n-oibrigmid cum comairlí Dé do cóimlionad ní féidir le Dia na comairlí sin do tabairt cum críce.

Níl fios againn céard tá ceapta ag Dia dúinn, act tig linn beit deimhneach den méid seo: nach aon obair suarach atá leagta amach aige dúinn. Seo í **Inis Fáil**. Támuid com cinnte is atámuid go bfuil Dia ann go ndéanfaid Gaedil na tíre seo gniomarta fós, act iad

*"An Claideam Soluis," 20-10-'06.

do beiṫ seasmaċ dílis. Déanfaid gníomarṫa móra, gníomarṫa uaisle, gníomarṫa a mbeiḋ ṫráċt orṫa i ngaċ ṫír is réigiún fá'n doman. Innsigeann na seanċaiḋṫe ḋúinn go ndubairt Cúċulainn ṫráṫ agus gan é aċt i n-a maḷraċ : "Deirim an móid do beir mo muintir," ar seisean, "go luaiḋfear mo gníomarṫa i measg na n-árd-gníom do rinne na gaisgiḋig is ṫréine."

Agus luaiḋtear. Do ċuaiḋ dá míle bliaḋain ṫar sléiḃṫib Ċuailgne ón saogal úd, aċt níor dearmaḋaḋ Cúċulainn ná a gníomarṫa fós. . . . "Is buaine bláṫ 'ná duine."

Déanaḋ Gaeḋil ósa na haimsire seo sompla Cúċulainn do leanamaint. Abraimís d'aon gut : "luaiḋfear ár ngníomarṫa-na i measg árd-gníom na ngaisgiḋeaċ is ṫréine." "Leanam lorg na laoċraḋ," arsa Seagán Ó Dubagáin, agus é ag labairt le Gaeḋealaiḃ trí ċéad déag bliaḋain ṫar éis saogail Cúċulainn. Níor ṫugaḋ comairle ni b'áilne d'aon náisiún ná d'aon dream ariaṁ. "Leanam lorg na laoċraḋ." Déanaimís gníomarṫa. Bímís ag corruiġe. Bímís ag obair. Bímís ag troid. Ná fanaimís in ár gcomnuiḋe agus ár dá láiṁ ċom fada le ċéile. Dronnaḋ intinn agus láṁa orainn ar an gcaoi go bféadfaimís obair do baint asta. Dainimís obair asta in ainm Dé.

seanmóir*

Ag labairt dúinn le buidin Gaedeal i mBaile Átha Cliat tá tamall gearr ó soin ann, bí sé de dánaideacht ionnainn "seanmóir" do tabairt dóib. Héisteadh go foighdeach linn. Níl fios agam an éistfear com foighdeach céadna linn má bíonn sé de dánaideacht ionnainn an tseanmóir céadna do tabairt uainn annseo. Féachaimid leis, ar cuma ar bit.

Ár gcéad comairle do Gaedealaib, bíodh cuspóir uasal, ideal mar adéarfad an Béarlóir, i gcomhnuide ós a gcomair amach aca. Cuimhnigmis ar Chúchulainn. Bíodh a ghníomharta nó a ráidte sin, nó ghníomharta agus ráidte gaisgidigh éigin eile mar é 'na réalt eolais ag lonnrad go glórmhar sa spéir ós ár gcomair. Muna mbíonn réalt eolais ag an taistealaide, is baogalach dó dul amuga san dorchadas.

An dara comairle, bíodh smaointe móra uaisle de síor i lár ár gcroide againn. Ná bíodh ár mbeann ar cheisteanna beaga suaracha. "Ní tuigim tú, a bráthair," arsa duine agaib. "Céard is mian leat a rád? Fear bocht (nó bean bocht) mise, agus tá orm sluige beatad do baint amach dom féin. Ní file ná fáid mé. Níl aon tabairt suas orm. Ní bfuaireas de sgolaireacht act an méid a bí ag an sgoil 'Náisiúnta' le tabairt dom, agus dar ndóig ní maoidte orm é sin. Cá bfuigimn-se na 'smaointe móra' seo?"—agus mar sin de.

Siubail amach fá'n tuaith. Amharc ar sliab mór dualbseach, nó ar coill aoibinn barr-glais, nó ar leathanloch éigin atá ag sineadh ar fud an machaire. Téig i do luige fá sgáth tulca nó carraige nó sean-fothraig uaignig

*"An Claideamh Soluis," 27-10-'06.

éigin agus bí ag breathnuigeadh uait suas san spéir, nó síos ar an úir, nó thart timcheall ar na cnocaibh is ar na crannaibh. Cuir cluas ort féin agus bí ag éisteacht le pib na céirsighe, nó le garbh-ghlór an easa, nó le crónán an tsrotha, nó le siosmarnaigh na gaoithe agus í ag gluaiseacht tré dhuilleabar na gcrann. Téigh ag comhrádh le seandaoinibh is le páistibh. Cuimnigh gur gearr ó ghluais anam an páistse ó láimh Dé, agus gur gearr go bhfillfidh anam an tsean-duine ar Dia. Téigh ag comhrádh, mar sin, le sean-daoinibh is le páistibh. Bain sgéalta asta agus innis sgéalta dóibh. Déan an méid seo, a chara, agus muna líontar do chroidhe le smaointibh móra uaisle, ort féin an locht.

Rud eile. An té dhéanfas mar chomhairligheadh, beidh sé 'na dheagh-duine. Beidh urram aige don Cheart is don fhírinne. Ní smaoinfidh sé olc. Ní luaidhfidh sé focla salacha. Ní chanfaidh sé bréag.

An té atá 'na charaid ag "mion-daoinibh Dé," caithfidh sé go bhfuil sé 'na charaid ag Dia féin.

An Éanlaith*

Coicéiseas ó Sorn díomar as sníosad ár scáirde cum spéis a cur i seandactaib na hÉireann, .i. ins na sean-liosaib, ins na sean-teampallaib, ins na toibreadaib beannuighte; ins na cloichteadaib, ins na crosaib móra, ins na sean-cornaib, ins na sean-cumdaidhthibh leabar, i ngach ar dain le saoghal ár sinnsear anallód, i ngach a dtuil fásta aghaidh de déantús a lámh is de chéadaoireadct a gceann.

Act cé mór ár meas ar an sean-fotrach mórda is ar an tsean-chois ghreanta, is mó ná sin ár meas ar an dúil beo; agus má's dóigh linn go mba chéart do Ghaedhealaib suim do cur i seandactaib, fágamuid le hudact gur dóigh linn go mbadh chéart dóibh suim a cur ins na hainmhidibh a comhnuigheas i gcoillte, ar chnocaib, is in aibneadaib na tíre sin. Éanlaith an aeir, beitidhigh na coille, éisg na habann is na fairrge—bráithreacha dúinn iad so ar fad. Sé an t-aon Dia amháin a chruthuigh sinne is iad-san; is ar an aon talamh amháin atámuid 'nár gcomhnuidhe; sé an t-aon oileánín amháin is tír dúthchais dúinn araon. Díobh ghrádh aghaidh dóibh dá réir sin, is meas aghaidh orra.

Ní hí seo an chéad uair aghaidh ag nochtadh na smaointe seo ins an "**Ghlaidheamh Soluis.**" Act go dtí seo díomar ar nós duine ag labairt sa bhfásach is gan éinne ag tabairt áird ar ár nglór.

Tá furmhór ár ndaoine agus gan eolas ar bith aca ar chúrsaib beatadh a ndearbhráthar is a ndeirbhshiúr, an éanlaith. Nior mhar sin don Ghaedheal fadó. Ní mar sin do sean-Ghaedhilgeoiríbh an lae indiu. I nárainn na Naomh

*"An Claidheamh Soluis," 15-12-'06.

dúinn, tá naoi mbliadhna nó mar sin ó soin ann, bíomar ag lorg eolais i dtaoibh na héanlaithe, is cuigamar fá deara gur turas i n-aistear dúinn dul d'iarraidh an eolais sin ar na daoinibh óga, mar nach raibh sé aca le tabairt dúinn. Ní raibh fiú amháin ainmneacha na n-éan ag cuid aca! Níorbh é sin dálta na sean-daoine. Bí eolas cruinn beacht aca-san, ní hé amháin ar ainmneacaibh na n-éan acht ar a nósaibh, ar a gcáilidheactaibh, is ar a slighthibh beatha. Oidheacas 'Náisiúnta,' is dóca, ba chionntach le neamh-eolas an aosa óig.

Is aoibinn an sgéal é siúd i dtaoibh Naoimh Proinnsias agus na héanlaithe, acht tá sgéalta chomh háluinn leis ag ríchi i measg Gaedheal. Cuirimid i gcás na sgéalta innistear ar Naomh Ciarán; ar Cholm Cille ar an mbráthair úd do chaith míle bliadhain ag éisteacht le ceilcadhar an éinín san gcoill agus do cheap, ag dul abaile dó, nach raibh sé amuigh acht uair a' chluig; ar an manach eile úd gan ainm do chuala ceol céirsighe i dtír choimhthighigh is do gabh ag smaoineadh ar Éirinn gur sgríobh sé rann ar imeall a leabair, ag moladh an éinín, 's ag cur a beannacht léi go hínis na bhfiodhbadh.

Truagh gan na sgéalta so ar eolas ag an sluagh in Éirinn indiu; truagh gan seanchas mar iad dá múineadh do'n aos óg 'nár sgoltacaibh; truagh gan an gráidh do bí ag na sean-Gaedhealaibh do "mhion-daoinibh Dé" ar martain i measg a síolraidh!

SOISGÉAL*

Tréit de na tréitib do b'uaisle dár bain leis an sean-Gaedeal, a grád do'n Áilneact. Is baogalach nach leanann an tréit sin do nua-Gaedealaib,—dóib seo go háirithe atá gan Gaedilg. B'aoibinn leis an sean-Gaedeal leatan-loc fá caithream gréine, nó taob sléibe fá solas gealaige. Ba breág leis na coillte barr-glasa is na páirceanna féarmara. B'iongantach leis na spéarta dub-gorma is "mór-mág il-piastamail na dílinne." Díod a fiadnaise sin ar ar fág sé 'na diaid d'filidheacht is de cainnt sgurta ag cur síos ar áilne agus ar iongantasaib na cruinne,—filidheacht is cainnt sgurta nár sáruigeadh riamh fós ar deiseacht smaointe ná an binneas focal. Áirmigmid ar an bfilidheacht so na hamhráin atá leagta ar Aimirgin; iad so atá leagta ar Fionn Mac Cumhaill, ar Oisín, ar Caoilte Mac Ronáin, ar Colm Cille; iad so atá le fagáil in Oideadh Cloinne Tuireann, in Oideadh Cloinne Lir, in Oideadh Cloinne Uisnig, in Agallamh na Seanórach; san tuiream fíor-áluinn do rinne bean Caoil cois cuain Fionntrága agus í ag caoineadh a céile do marbuigeadh sa gcat; Laoi Dinne Dubain; Laoi Dinne hEadair; agus—mar barr orda ar fad—an t-Agallamh do bí idir Guaire, Rí Connacht, is Marbán, a dearbrátair. Dá mbeadh Gaedil is gan bluire filidheacta dá ndéantús ar mairtain indiu act an méid atá luaidte againn, ba mór a réim is a gcáil i measg cineadh an domain, act an filidheacht soin a beit ar eolas ag an gcoitcionntacht. Maidir le cainnt sgurta, ní gábadh dúinn act Agallamh na Seanórach do luadh.

*"An Claideamh Soluis," 12-I-'07.

Tá cuid romhainn againn gráð don Áilneacht, is go mór-mhór gráð do chruthaitheacht an Dúilimh do músgailt aris i gcroíthíb Gaedeal. Is fada dúinn ag sgríobað mar so i mBéarla. Tosóchamuid anois ar an nGaedilg is béimid ag pléidhe na ceiste san dá teangain feasta nó go bpeicfear torað ar ár saothar.

Díoð an méid seo mar bhrollach ar a bfuil le sgríobað againn annso an tseachtmhain seo chugainn is an tseachtmhain i n-a diaid.

Seanmóir eile*

Tuairmeas an tseachtmhain seo gach taraing nár mór an grádh do bí ag ár sinnsearaibh do'n Áilneacht is, sa gcéad áit, do chruthaidheacht an Dúilimh—nár mhór an grádh sin do mhúscailt arís i measg Gaedheal. B'fhéidir nár tuigeadh an scéal go ró-mhaith uainn, agus go bhfuiltear 'gá fiafruighe cia an chiall atá le n-a leithéid sin de chainnt. Nach bhfuil grádh againn do'n Áilneacht i gcomhnuidhe? Nach breagh linn radharcanna aoibhne? Nach binn linn ceol is amhráin? Nach bhfuil sé tuigthe suas dúinn go bhfuil dúil ró-mhór againn i neithibh spioradálta agus gur beag ár mbeann ar ghnóthaibh an tsaoghail seo.

Tá a leath so fírinneach agus a leath bréagach. De na daoinibh a tóghadh le Gaedhilg, níl ann acht duine fánach nach bhfuil spéis aige i gceol, i n-amhránaidheacht, agus i scéalaidheacht, agus nach mó a beann ar na neithibh a baineas leis an tsíorraidheacht ná ar neithibh a baineas leis an saoghal corporda. Maidir le Gall-Gaedhealaibh, ní fádhadh dúinn trácht orta, mar táid, a bhformhór, dall. Ní hé amháin nach bhfuil áird aca ar neithibh spioradálta, acht níl áird aca ar na neithibh is breághtha a baineas leis an saoghal so i láthair. Níl dúil aca i leabraibh ná i léighean; níl spéis aca i gceol ná i n-amhrán nach dtagann ó Shasana anall; níl meas aca ar chleas ná ar chluiche munab "ar an taobh thall de'n chaolas" do ceapadh é. Dá donacht é an Gall, is measa i bhfad Éireann an Gall-Gaedheal. Ní cabair dúinn labairt leis fá dtaoibh de'n Áilneacht nó go ndéantar Gaedheal de. Ní tuigfeadh sé sinn, mar tá sé gan tuigsint.

Acht i dtaoibh na bhfíor-Gaedheal, cé go leanann a lán d'á sean-tréithibh díobh, tá tréithe eile nach leanann.

*"An Claidheamh Soluis," 19-I-'07.

Ceann aca so, an cion do bí aca anallód do "mion-daoinib Dé." Bí grád ag ar sinnsearaib d'ainmídib is d'éanlaid, bí tuigsint aca ar a dtréidib is ar a gclaontaib, bí eolas aca ar a nósaib is as a slighe beatad. Níl act corr-sean-duine i measg Gaedeal na haimsire seo a bfuil an tuigsint agus an t-eolas sin aige. Sin buad mór atá caillte againn.

Rud is measa ná sin, tá a lán de Gaedealaib agus is suarac leo beata nó slainte ainmide. Is cuma leo ciaca go mait nó go holc as aon ní nac bfuil "'na Críostaide." Dad dóig leat orta nac feasac iad go motuigeann an beitideac teas is fuacht, tart is ocras, cruadtan is anró, com mait leis an gCríostaide; go ngoilleann an droc-úsáid air; go ngoilleann builli troma is focla borba air.

"Níl ann act capall," nó "ar ndóig, níl aon meadair ag madad!" Nac minic na freagrai seo nó freagrai nac iad d'á dtabairt ar an té deireas le Gaedeal nac ceart dó droc-íde tabairt do capall nó do madad! Ní léir don gnát-duine gur cladaireact is neam-Críostaideact a leitéid seo. Agus má féacann tú le n-a cur in iúl dó gurab ead, ní tuigeann sé do cainnt.

Dubairt sagart d'ár n-aiteantas, trád. ". . . Is ró-annamh," a dubairt sé, "soisgéal áluinn na Cartannacta d'á míniugad ós comair an pobail in Éirinn; agus tá a fios againn ar fad gur fíor-annamh é d'á míniugad i gceart don aos óg ar sgoil. Tuigimís nac leor duinn a rád leis an leanb! "Seacain an t-ól is an droc-comluadar is déanfair go mait." Tá dualgais tarsta soin ar an gCríostaide, agus dualgas de na dualgasaib seo beit cartannac trócaireac, go mór-mór leis an lag is leis an truag. Nac é ár Slánuigteoir féin adubairt: 'Is beannuigte na daoine trócaireaca: óir geobaid siad trócaire'"

sgéilín*

Léigtear san leabhar breac go raibh naomh in Éirinn tráth, darb ainm Maol Anfaidh. Lá d'á raibh sé ag taisteal na coille cuala sé an t-éinín ar an sgraoib agus é ag caoi is ag caoineadh ós árd.

"A Dhia," arsa Maol Anfaidh—mar bí báidh aige le sac rud dár cruthuigh an Dúileamh, agus truag aige do sac duil do bí fá bhrón nó fá dólás—"a Dhia," ar seisean, "céard seo? Ní iosad ná ní comhlóchad go bfoillsighear dom fáth buaidhearta an éinín ghrádhmair seo."

Ar an móiméad soin las solas iongantach sa sgoil, is connaic sé cuige an t-aingeal áluinn.

"A Mhaoil Anfaidh," arsa an t-aingeal leis, "ná bíodh brón ná cumha ort. Innseochad-sa duit fáth buaidhearta an éinín. Tá, Molua Mac Óca a beith tar éis báis. Le linn a saoghail níor mharbuigh Molua aon dúil beo, is ar an ádhbar soin ní mó cumha na nduine in-a dhiaidh ná cumha na n-aithid n-éisciallda."

Leis an bhfocal soin d'imthigh aingeal an Tighearna, is d'fág Maol Anfaidh ag machtnamh dó féin.

Bíodh an sgéilín sin mar dheireadh leis an soisgéal atá dá chraobhsgaoileadh againn annseo le mí.

*"An Claidheamh Soluis," 26-I-'07.

Focailín leis na páistiú*

Cogar in bur gcluais, a páistí Gaedealaca! Bíomar ag cainnt le bur n-aithreacaib agus le bur máithreacaib an tseachtmain seo a caiteadh agus ag tabairt comairle a leasa dóib. Bíomar 'gá rádh leo go mbadh ceart dóib rún a déanamh anois, i dtús na bliadhna, gan focal a labairt lib-se go ceann na bliadhna acht Gaedilg. Nár mór agus nár maith an sgéal é dá ndéanfaidís an rún sin agus é cóimhlionadh? Nár deas an rud le rádh é, dá bfeadfaí é rádh, nach raib d'á siosgadh eadraib in bur mbaile féin, sib-se ar thaob agus bur dtuismitheoiri ar an taob eile, acht an Gaedilg—teanga dúthchais Gaedeal? D'feadfaí teaghlach Gaedealach a tabairt gan bréig gan áidhbéil ar an teaghlach 'na mbeadh sin amhlaidh. Nár maith lib bur dteaghlach féin a beith 'na teaghlach Gaedealach, a páistí? Déanaidh-se bur gcion féin cum é Gaedealughadh agus támuid cinnte go gcuideochaidh bur n-aithreacha agus bur máithreacha agus aos pásta an tige ar fad lib.

"Acht céard is féidir le páiste a dhéanam?" arsa tusa. Is iomda sin rud is féidir le páiste a dhéanamh. Má tá an Gaedilg aige, is féidir leis í labairt. Muna bfuil sí aige, is féidir leis í foghluim. Is féidir leis stair a tire a léigheadh. Is féidir leis grádh agus cion a beith aige do mhacairíb is do chnocaib, d'aidhnib is do locaib an oileánáin aoibhinn a bhronn Dia mar áit comhnaidhte ar Clannaib Gaedeal. Agus is iomda ni a tig le páiste a dhéanamh in a teach féin. Nach féidir leis suidhe sgathamh anois is arís cois

*"An Claidheamh Soluis," 11-1-'08.

teineaḋ aṫ éisteaċt leis na sean-ḋaoiniḃ aṫ Ġaeḋilgeoireaċt, má tá sean-Ġaeḋilgeoirí sa ġcomharsanaċt? Naċ féiḋir leis é ċur d'fiaċaiḃ ar a aṫair aġus ar a máṫair an Ġaeḋilg a labairt leis, má tá an Ġaeḋilg aca-san? Ní ḋóiġ linn go ḃfuil máṫair in Éirinn a séanfaḋ an Ġaeḋilg ar a leanḃ féin, ḋá ġcuirfeaḋ an leanḃ sin rocailín i n-a cluais mar seo. "A máṫrín, baḋ maiṫ liom an Ġaeḋilg a ḃeiṫ aġam, mar is í teanga mo ṫíre í, aġus tá mé 'ġá iarraiḋ ort anois í labairt liom i ġcomnuiḋe, ionnus go mbeiḋ sí go blasta aġam. Naċ nḋéanfaiḋ tú an méiḋ sin ḋom, a máṫrín? Ar nḋóiġ ní ċeilfeá teanga mo ṫíre féin orm?"

Má tá Ġaeḋilg aṫ ḋo máṫair-se, a páiste aṫá 'ġá léiġeaḋ seo, aċt í aṫ Ḃéarlóireaċt leat in-a ḋiaiḋ sin, abair an méiḋ sin léi anoċt nuair a ṗóġfas sí ṫú roiṁ ḋul a ċodlaḋ ḋuit, aġus ní féiḋir go n-eiteoċaiḋ sí ṫú.

Brian Boróimhe*

Is smaoineadh dom ar an neimh-eolas atá ag Gaedealaibh na haimsire seo ar a seanchas agus a litridheacht féin, síleas go mb'fhiú dom roinnt beag do chur síos fá imtheachtaibh Bhriain Bhóroimhe le tuilleadh eolais orthu do sgaipeadh i measg an tsluaigh; óir feictear dom gurb é an Gaedeal é ba mhó clú, an gaisgidheach ba mhó calmacht agus an tárd-rí ba mhó comhacht dár mhair ariamh in Éirinn. Is feasach dár bhfurmhór, dá laighead ár bpráidhinn i seanchas ár gcinidh, go raibh Éire buaidhearthach cráidhte ag Lochlannaibh ar feadh tuilleadh is dá chéad bliadhain. Cineadh fraochda feargach gan trócaire gan truagh do bí ins na Lochlannaibh seo. Is í críoch budh dúthchas dóibh .i. an Lochlainn, acht tugadar sgaoileadh dóibh féin fá chrích Eorpa ar fad, go dtiocadar glan ar nós na nGaedeal féin ceithre chéad bliadhain roimhe sin. Chuireadar ríoghacht ar bun sa bhfrainc agus ríoghacht eile i Sasanaibh. Sa bliadhain 787 'seadh thángadar go hÉirinn don chéad uair. D'aoibhinn leo an tír, agus ó'n bliadhain sin amach thagaidís 'na norongaibh agus 'na sluaghtibh móra le fearann creiche is claidhimh do dhéanamh di. Ni raibh de shamail orra acht buidean mhór de mhiolaibh milleadha dá sgéitheamh as an bhfairrge amach agus dá sgaipeadh fá'n dúthaigh ar fad ag sgriosadh agus ag milleadh ar tárla leo. Budh bheag an maith do mhuintir na hÉireann seasamh leo, mar dá dtuiteadh buidean acu ag Gaedealaibh bhadh dian-gearr go dtiocfadh a seacht n-oiridh thar lear anoir, "ionnus," mar adeir an seanchaidhe, "nach raibh cuan ná caladh-port ná dún ná daingean in Éirinn uile gan loingeas Lochlannach agus Danmharghach ann."

*"An Claidheamh Soluis," 30-9-'99.

II.

Le linn na nGall seo do beit ag smachtughadh Gaedheal, bi cineadh suairc saor-chlannda in Eirinn nar ghéill do chineadh eile sa domhan ariamh .i. Dál gCais Mumhan. Mathghamhain mac Cinnéidigh agus Brian mac Cinnéidigh bi ag stiúradh an chinidh seo fá mheadhon na deachmadh haoise. Deirt calma chródha uasal árd-mhéineach do b'eadh iad, beirt do sáruigh a raibh beo le n-a linn ar feadhas a bpearsan agus a n-intinn. B'é Brian an fear a b'óige aca. Rugadh sa bliadhain 941 ag Ceann Corad ar an Sionainn é, "agus bud truagh do Gallaibh," arsa an seanchaidhe, "an lá rugadh an t-óghánach soin."

Nuair connacadar Mathghamhain agus Brian fir Mumhan agus Clanna Gaedheal go léir comh cráidhte claoidhte sin ag Lochlannaibh, agus gan dul uatha aca, si comhairle ar ar cinneadar a gclann agus a muintir do thabairt thar an Sionainn siar agus iad do chur ar fosgadh fá shléibtibh agus fá choillibh iartair Mumhan. Rinneadar amhlaidh; agus annsoin ghabadar ag preabadh amach cum na nGall, ag creachadh agus ag cosgar ó lá go lá.

Niorb fada, ámh, gur tuirsigeadh de'n chosgar seo, agus go ndearnadh siothcháin idir Mathghamhain agus na Gaill. Niorb é sin, ámh, dálta Briain óig Mhic Cinnéidigh. Niorb áil leis-sean siothcháin le Gallaibh ar chor ar bith. Ghlac fearg é, agus do thriall le n-a chuid cáirde féin go Tuadh-Mumhain áit a raibh sé ag sior-throid agus ag comhrac le Gallaibh go ceann tamaill fada. An lá nach gcuireadh sé ruaig ar Gallaibh, chuireadh san oidhche bud neasa, agus an oidhche nach gcuireadh, chuireadh an lá ar n-a bárach. Nior stadadh agus nior staonadh den ár so nó gur marbhuigeadh sluagh Briain go huilidhe acht aon chúig duine déag amháin.

III.

Ar n-a cloistin do Mathgamain go raib Brian sa cás so, cáinig aithéala agus an-cuma air, agus do chiall 'na dáil, óir bud neasgal leis a cuitim le Gallaib.

"A Bhriain an chroidhe," ar seisean, "is truagh liom tú ins na teannta'ib seo," agus tug sé iarracht ar a cur d'fiacaib ar Brian síothcáin do dhéanamh le Gallaib.

"Ni dhéanfad go deo," arsa Brian "agus is mór an cúis náire duit-se, a mhic Cinnéidigh, síothcáin do dhéanamh leo. Ni hamhlaid sin adhéanfad do sean-athair .i. Lorcán mac Lachtna, ná do sean-sean-athair, ná duine de Dál gCais dá ndeachaid romhat riamh."

Dailigh Mathgamain Dál gCais cuige annsoin, agus d'fiafruigh díob ciaca do b'fhearr leo síothcáin nó cogadh le Gallaib. D'fhreagradar Dál gCais idir óg is aosta é, agus sé rud adubradar go mb'fhearr leo bás ná síothcáin le Gallaib; "agus bud gut céad ar béal aenfir sin."

Chruinnigh Mathgamain agus Brian Dál gCais i longport ag Caiseal na Rig annsoin; agus cuireadar buidhne uatha amach gach lá ag sgiobadh is ag foghail ó chríochaib na nGall.

IV.

Nuair chualaid Iomhar ua hImhair, ri Lochlannach Luimnigh, sgéala ar an éirghe amach so glac fearg uathbásach é, agus do bailigh fir Mumhan cuige idir Gaedhil is Gaill. Tug Maolmhuaid mac Brain ri Deas-Mhumhan, agus Donnabán mac Cathail, agus taoisigh eile Gaedheal nach iad, cabair is congnamh dó. Rinneadh aon arm amháin de Gallaib is de Gaedhealaib, agus do dhirigheadar ar Mathgamain agus Brian, áit a rabadar i gCaiseal na Rig. Sluaiseadar Mathgamain agus Brian rompa as Caiseal amach in aghaid na nGall, agus teagmhuig Gaill agus Gaedhil le céile ag Sulchóid—macaire 'sead é cuairim is fiche míle ó Luimneach amach. Bi an dá shluag ó thrát éirghe na gréine

go meadon lae ag gabáil ar a céile go feargach fearamhail, gur briseadh an cath ar Gallaibh fá deireadh thiar thall. Teicheadar, a raibh beo acha, "fá chladaibh is fá gleanntaibh an mhachaire mhóir mhion-sgothaigh sin." Chuaidh Iomhar féin ar teicheadh roimhe go hInis Cathaigh san Sionainn.

Sa bliadain 968 'sead tugadh an cath so. Ba hí an ruaig ba mhó i dár cuireadh ar Lochlannaibh riamh go dtí sin. Nior staonadar taoisigh Gaedheal de leanamhaint di go dtugadar seacht ruaga i ndiaidh a chéile ar Lochlannaibh, agus b'é crioch an sgéil gur gab Mathghamhain rige Mumhan uile idir Thuadh-Mumhain agus Deas-Mumhain.

V.

D'fhan Iomhar ua hIomhair ar fosgadh i nInis Cathaigh agus é ar tí feille ar mhacaibh Cinnéidigh. Sa bliadain 976, d'iompuigh Maolmhuaidh mac Bhrain agus Donnabhán mac Cathail ar Mathghamhain ar furáileamh Iomhair. D'fhall Donnabhán air 'na thigh féin, agus thug do Maolmhuaidh é. Chuir muintir Maolmhuaidh chum báis é sa Dearnain Deirg. Ba truagh do Gaedhealaibh bás Mathghamna fá'n samhail sin, mar ba flaith fleadhach fial fearda fíor-Gaedhealach é. Ba dochar mór do Chlannaibh Lochlann a thuitim chomh maith céadna.

Do gab Brian Boroimhe rige Thuadh-Mhumhan annsoin, agus mar adeir an seanchaidhe—"Niorbh cloch i n-ionadh uibhe é agus niorbh sop in ionadh luirge, acht ba thréan in ionadh tréin é agus ba teann i ndiaidh teinn."

Sé céadh rud a rinne sé bás Mathghamna do dhioghailt ar cháchaibh dá raibh cionntach leis. Bailigh sé Dál gCais chuige agus do chuaidh ag triall go dtí Inis Cathaigh, mar a raibh Iomhar ua hIomhair agus a raibh aige de Lochlannaibh. Thug Brian an bás dó agus dá chuid básaighe.

Do dhírigh annsoin ar Bhrúgh Ríogh .i. dainghean Donnabháin, thug ionnsuighe air agus do gab é, agus thug an bás do Donnabhán agus d'Amalgaidh mac Iomhair.

Sa bliadain 978 casad muintir Maoilmhuaid agus Dál gCais dá céile sa Bearnain Deirg, díreach ar an lácair 'nar marbuigeadh Mathgamain dá bliadain roimhe sin. Cuir Dál gCais ruaig is ruadar ar mhuintir Maoilmhuaid. Tuit dá céad déag aca, agus marbuigeadh Maolmhuaid féin le Murchadh óg mac Briain. Tar éis an cata so do gab Brian rige Mumhan uile.

VI.

Le linn Briain do beit i gceannas Mumhan sé Maoilseachlainn Mór mac Domhnaill do bí 'na Ard-rig ar Éirinn ar fad. Ba hé an tArd-rí ba mó cródhacht is comhacht ó aimsir Dáiti é. Nior mhair samhail Maoilseachlainn in Éirinn ariamh acht Brian Boróimhe féin. Sa bliadain 980 'sead gab Maoilseachlainn Ard-rige Éireann. Bí sé tar éis ruadar do cur ar Gallaib ag Teamhair na Rioghi, agus baile Átha Cliath féin, Ard-cathair na Lochlannach, do gabáil. Briseadh ní buó mó é sin, b'féidir, ná briseadh Sulchóide féin.

Niorbh fada gur tárla easaontas agus neamh-cáirdeas idir Maoilseachlainn agus Brian. Ní feasach dúinn i gceart ciaca ba mó ba cionntach leis an easaontas so.

B'féidir go ndeachaidh doigh éada i Maoilseachlainn de comhacht Briain, nó, rud ba cosmhaile, b'féidir gurb doilig le Brian beit fá smacht Maoilseachlainn. Acht, pé sgéal é, tug Maoilseachlainn sluaghadh fá'n Mumhain sa bliadain 982, gur gearr crann mór Muighe Adair d'fás ar an lácair a ndéantaí rígthe de flaithibh Dáil gCais. Ó'n lá soin amach bí Brian agus Maoilseachlainn ar tí a chéile.

Fá deireadh tiar rinneadh síothcáin eatorta, agus sí comhairle ar ar cinneadar—leat Cuinn do tabairt do Maoilseachlainn gan cosgadh gan foghail ó Brian, agus leat Mogha do tabairt do Brian gan cosgadh gan foghail ó Maoilseachlainn.

Nior aontuigh Maolmórda, ri Laighean, leis an siothcáin seo, de bhrígh gur cuireadh fá smacht Briain é féin. Sa bliadain 999 d' iompuigh seisean agus Gaill Baile Átha Cliath ar Maoilseachlainn agus ar Brian. Rinneadar soin aon tsluagh amháin de Dál gCais agus d'fearaibh Mide, agus cuireadar ruathar agus dearg-ár ar Gallaibh i nGleann Máma. Cuit ceithre mhíle d'arm Maolmórda sa chath so, idir Gaill is fir Laighean.

VII.

Dubhairt Rómánach éigin go mb'fhearr leis beith ar an bhfear dob' áirde réim i mbaile beag, dá laighead, ná ar an dara fear sa Róimh. B'in é go dtí deireadh dálta Briain Boroimhe. Ba suarach leis géilleadh do Maoilseachlainn, agus shanntuigh sé árd-ríghe Éireann dó féin agus dá shliocht. D'aon toisg chun é féin do neartughadh in aghaidh Maoilseachlainn, pós sé Gormflait, máthair Siotruig, rí Lochlannach Bhaile Átha Cliath, agus thug a inghean féin mar mhnaoi do Siotruig.

Bhailigh sé rí-shluagh annsoin agus do thriall in aghaidh Maoilseachlainn. Chuir sé teachtairí i gcoinne an árd-ríogh ag iarraidh giall air nó catha. D'iarr Maoilseachlainn cáirde miosa, agus fuair. Chuir sé Giolla Comhgaill Ua Sleibín le teachtaireacht ar cheann Aodh Uí Néill, rí Ailigh, agus teachtairí eile ar cheann Cathail mhic Conchubair, rí Connacht, agus ríghthe eile Uladh agus Connacht nárbh iad, ag iarraidh congantas orthu in aghaidh Briain.

Sé an freagra thug Aodh Ua Néill do theachtaire Maoilseachlainn—" An tan," ar seisean, " do bhí Teamhair ag Cinéal Eogain do chosnaidís a saoire, agus an té ag a mbeadh sí cosnadh sé féin í."

D'eirigh ríghthe eile Uladh agus Connacht é mar an gcéadna.

Nuair chualaidh Maoilseachlainn nach dtiubhradh maithe Gaedheal congnamh ná cabhair dó, sé rud a rinne sé triall go longport Briain agus gan 'na fochair acht dá fichid déag marcach, gan cor gan comairce acht eineach Briain féin agus Dáil gCais. Chuir Brian fáilte fíor-chaoin roimhe mar ba dual. Dubairt Maoilseachlainn go dtiubhradh sé dó na gialla d'iarr Brian air, ó nach raibh aon neart aige air, "Acht a Bhriain mhic Chinnéidigh," ar seisean, "ní le heagla ná le faitchíos romhat-sa ná roimh Dál gCais thugas na gialla so duit; agus dá bhfuighinn congnamh ó mhaithe eile Gaedheal, ní thiubhrainn go deo iad."

VIII.

Gabh Brian Boróimhe buadhach ard-ríge Éireann annsoin, agus ón gcéad lá cáinig Clanna Gaedheal go hÉirinn ní facthas a leithéid de rígh. Do chánuigh sé agus do chuir síos lucht foghla agus dídhfeirge agus cogaidh. Do chroch agus do chuir chum báis méirligh agus bitheamhnaigh agus foghluighte Éireann. Do chuir cealla cádais agus teampaill uaisle ar bun ar fuaid chúige Mumhan. Dí orda-san Cill Dálua ag Ceann Corad agus Inis Cealtra agus Cloighteach Chuama Ghréine. Thug fá ndear droichid agus tóchair agus bóithre móra do dhéanamh ar fuaid na gcúigeadh. Do chuir coláistí móra ar bun chum eolais agus ealadhan do chothughadh agus do chur chum cinn. Do chuir saoithe agus lucht eolais thar an mór-fairrge soir le leadhradh do cheannach, mar do loisgeadh agus do bádhadh leadhra Gaedheal le Lochlannaigh. Thug sé ríogh-chuairt fá'n tír ar fad go bhfuair gialla ó ríghthibh agus ó mhaithibh Connacht, Uladh agus Laighean idir Gaedhil is Gaill—go ndeárnadh síothcháin in Éirinn uile le n-a linn.

IX.

Ní raibh clanna Lochlann buaidhte ar fad aige, ámh. Ní radhadar acht ag fuireach le lingeadh isteach ar Gaedhealaibh

aris. Bí a fios soin go maith ag Brian. Ba feasach dó go ndéanfaidh Gaill iarracht eile ar Éirinn do thabairt fá n-a smacht, agus bí sé ag faire orta. Ní measlta do bí. Sa bliadain 1013 cuireadh an gríosach ar lasadh, agus ní hiad Gaill do chuir ar lasadh í acht Gaedeal.

Sa bliadain sin táinig Maolmórda, rí Laigean, ar cuairt go Ceann Coradh. Tárla go raibh Murchadh mac Briain agus taoiseach eile de Dál gCais ag imirt fichille. Bí Maolmórda ag teagasg ar Murchadh. Cuireadh an cluiche ar Murchadh agus táinig fearg air.

"Is tusa, a Maoilmórda," ar seisean, "tug comhairle do Gallaibh ag Gleann Máma, agus briseadh an cath orta."

"Déarfad comhairle arís dóibh," arsa Maolmórda agus fearg air, "agus ní brisfear orta."

"A slán sin fút, a Maoilmórda," arsa Murchadh.

D'éirig Maolmórda annsoin, agus do gluais roimhe as an dún amach gan ceann gan ceileabhradh d'éinne. Ní dearna sé stad ná fad-chomhnuidhe gur shroich sé teach Dúnlaing mhic Thuathail, rí Iarthar-Life. Táinig maithe Laigean roimh Gaedhil is Gaill i n-a dháil annsoin, agus d'innis Maolmórda a sgéala dóibh. Sí comhairle ar ar cinneadar iompódh ar Brian agus cuireadh do thabairt do Gallaibh teacht go hÉirinn. Cruinnigeadar fir Laigean annsoin agus tosuigeadar ar creachadh tíre Maoilseachlainn.

X.

Bailig Brian Dál gCais annsin agus cuaidh ag creachadh Laigean ó Gleann Dá Loch go Baile Átha Cliath. Táinig Maoilseachlainn agus fir na Teamhrach 'na coinne, agus rinneadar aon arm amháin dá muintir. Do gabadar longport ag Cill Maignenn agus d'iomsuidheadar Áth

Cliath ó Lá Féile Ciaráin fóghmair go Lá Nodlag. Sgaoileadar a longport annsoin agus cuadar abaile.

Cuir Maolmórda agus Siotruig, rí Loclannach Baile Átha Cliath, teachtairi i gcoinne gach taoisig Gall dá raib in iartar Eorpa, ag iarraid orta teacht go hÁth Cliath le fearann claidhimh do dénamh d'Éirinn ar fad. D'fhreagradar Gaill do'n ross cada soin go fearda fearamhail. D'fhreagair Bródar iarla agus Amhlaoib mac ríog Loclann, dá iarla Caire agus tuaiscirt Sasan uile, beirt gan cádas gan comairce do Dia ná do duine. Táinig dá mile Loclannach agus lúireacha taitneamhacha orta i bfocair na beirte seo. D'fhreagair Siugraid, iarla Inse Orc, comh mait céadna. Táinig dronga agus sluaighte de Gallaib ó Manainn, ó Bhreatain, ó Sasanaib, ó Ceann Tire, ó Airear Gaedeal agus ó na hoileánaib; ón bFrainc, ón nGearmáin agus a dtuaid ó Chríochaib Loclann agus na Danmhairge. Táinig a raib beo de Gallaib agus de Loclannaib agus de Danmharghachaib in iartar na hEorpa go hÁth Cliath Duibhlinne in aghaidh Briain Bóroimhe agus Gaedeal na hÉireann. Bí Maolmórda agus Laighin ag fuireach leo ar faithe an baile.

XI.

Bailig Brian Bóroimhe Dál gCais agus fir Mumhan fá Lá Féile Pádraig. Bí fir Mhide bailighte ag Maoilseachlainn ceana. Tángadar fir Connacht aniar agus rinne aon ríog-shluag amháin de na trí sluaghtaib móra so. Fiche mile duine ba lion sluaig dóib agus an méid céadna ag Gallaib.

Gab Brian longport ag Cill Maighneann, agus sé céad rud a rinne sé fine Gall do cur tré teinid ó Dinn Éadair go hÁth Cliath. Nuair connacadar Loclannaig fine Gall agus tuaith Éadair ar dearg-lasad fá'n samail sin glac

fearg mór iad go dtángadar amach ar mhachaire Chluain Tarbh agus gur tógadar a gcuid bratach ós a gcionn.

Ar maidin lá ar n-a bárach shluais an t-arm Gaedhealach ó Chill Maighneann. Bhí na Gaill ar an machaire rómpa. Stad an t-arm Gaedhealach. Ba hí Aoine an Chéasta do bhí ann. Do chuaidh Brian ó bhuidin go buidin, agus iomáigh Críosta 'na láimh aige, ag brostughadh agus ag spreagadh Gaedheal.

"A Chlanna Gaedheal," ar seisean, "a chinidh mo chroidhe, is í Aoine an Chéasta atá ann. Caithfear troid indiu ar son an Chreidimh chuig ár Slánuighteoir dúinn, ar son ár mbailte, ar son ár mban, agus ar son ár bpáistí. Féachaidh Clanna Lochlann annsoin ós bur gcomhair amach! Gabhaidh cuca, in ainm Dé, agus beiridh an buaidh!"

XII.

Tosuighead ar throid annsoin. Tháinig Dál gCais agus Gaill na Laighean le chéile i dtosach an chatha. Casadh fir Chonnacht agus Gaill Átha Cliath le chéile annsoin. Siad Murchadh mac Briain agus Maolsheachlainn mac Domhnaill do bhí 'na dtaoiseachaibh ar an arm Gaedhealach. Bhí an dá shluagh ag gabháil ar a chéile go raibh an ghrian ag dul faoi; agus fá am thráthnóna, bhris Gaedhil ar Gallaibh. Theicheadar na Gaill 'na mór-dhongaibh go dtí an fairrge agus tháinig Maolsheachlainn agus fir Mhidhe anuas orra annsoin gur sgriosadar na milte aca. Chuir an ruaig sin críoch ar an gcath, marbhuighead seacht mile Lochlannach agus ceithre mhile Gaedheal. Bhí Murchadh mac Briain agus Toirdhealbhach mac Murchadha orra-san.

Chuir an cath so Chluana Tarbh críoch ar chaithréim Lochlannach. Ba hé an cath ba dheidheannaighe é dá dtugadh idir Chríostaidhe agus Pághanaigh in larthar na hEorpa, agus féadfaí a ráidh go raibh sé ar na cathaibh ba mhó dá dtugadh ar talamh an domhain riamh.

XIII.

An fáid a bí an cat dá cur bí Brian Boróimhe ar a glúnaib 'na pubaill féin agus gan 'na focair act aon giolla amáin. Bí Brian sé bliadna déag is trí fichid d'aois fá'n am seo, agus cuir a cáirde d'fiacaib air fanamaint 'na pubaill. Seas an giolla sa doras ag innsint sgéal an cata do Brian. Ar beit mar sin dóib, connaic an giolla buidean do na Gallaib cuca. Sé do bí ann Bródar Iarla agus beirt óglac dá muintir 'na focair.

"Daoine cugainn annseo," arsa an giolla le Brian.

"Cia an cinéal daoine iad?" arsa Brian.

"Daoine glasa lomnocta," arsa an giolla.

"Gaill na lúireac iad," arsa Brian, "agus ní cum ár leas-na tángadar."

Le linn sin do rád d'éirig sé agus do nocht a claideam. Tángadar na Gaill isteac. B'é Bródar féin an céad duine aca, agus is amlaid do bí agus tuag taidleac taitneamac 'na láim aige. Ar n-a feicsint do Brian, tug sé coiscéim ó n-a peall amac agus tug béim claidim dó gur bain an dá cois de. Tug an Gall, agus é ag tuitim, buille do Brian, gur sgoilt a ceann go léir. Tuit Brian ar lár agus cuaid a anam as.

Tugad corp Briain agus Murcada go hÁrd Maca agus do cuiread san árd-teampall le hais a céile iad.

XIV.

Ba mór an sgéal é bás Briain. Bí sé ar na rígtib ba mó agus ba cumactaige dár mair ariam. Ní déanfad a molad anois, ám, act cuirfead críoc ar mo cuid cainnte leis an gceist seo: ciaca d'aon-toisg cun é féin agus a clann do cur cum cinn, nó Éire go léir do

neartuġaḋ in aġaiḋ Ġall, do bain sé árd-riġe Éireann de Maoilseaclainn Mór? Sin ceist gur deacair a socruġaḋ; acht sí tuairisg a lán gur mian le Brian Boróimhe aon rioġacht amháin do chur ar bun in Éirinn mar do rinne Iúl Caesar sa Róimh, Charlemagne sa Fhrainc, agus sa Ġearmáin, agus Uilliam "Concor" i Sasanaiḃ, le hÉirinn do cosaint ar fóirneart Ġall roimh loclannaiḃ agus cách eile.

Bethlehem*

Sion is sneachta,
Oidhr ar aibhidh,
    Reodhach anocht na réalta;
Cuing ar easaidh,
Iinnte 'na leacaibh—
    Dhónach liom an saoghal!

Och! an mháthair
Mhodamhail mhánla,
    Thuag an seanóir chríonna!
Doct a n-árus,
A bhroghadh i stábla,
    Monuar! is dealbh an díthean.

Fuar an oidhche,
Thuag an Naoidhean!
    Lom, mo chás, a leabha!
Tuarghan ghaoithe
Chruadhtan Gheimhridh—
    Olc do fháilte, a leanbh!

Ceol sna flaithis
Ag córr na n-aingeal,
    Stoc is píob is cláirseach;
Glórta neamhda
Ag gabáil a gcaintic,
    Is ag molad Chríost, an tárd-Rí.

*"An Claidheamh Soluis," 23-12-'05.

Ar Trá is Binn Éadair

(Cara leis an bFile d'imtig don Fhrainc. Iarrann an file air cuimhniughadh anois is arís ar na háiteachaibh do thaitigidís i bfochair a chéile).

Ar trá is Binn Éadair
Briseann tonn le fuaim;
Sgreadann faoileán aonrach
Os cionn an chuain.

Ó lár an léana
Le nais Glas Naoidean
Labrann an traona
Ar fead na hoidhche.

Tá ceileabhar éanlaith
I nGleann an Smóil.
An lon is an chéirseach
Ag cantain ceoil.

Tá soillse gréine
Ar thaobh Sléibh' Rua,
'S an ghaoth ag séideadh
Ó n-a barr anuas.

Ar chuan Dún Laoghaire
Tá bád is long
Fá sheoltaibh gléasta
Ag treabhadh na dtonn.

Ar Trá Bhinn Éadair

Annso in Éirinn
Dom fein, a bhrá'ir,
Is tusa i gcéin uaim
I bpáras áig—

Mise ag féachaint
Ar chnoc is cuan
Ar trá Bhinn Éadair
'S ar thaob Sléib' Rua.

'S tusa go réimeach
I bpáras mór
Na ríog-bhruig n-aolda
Is na dtreabhan-slóg—

Séard táim a éileamh
Ort fein, a ghrádh,
I bpaidhreadh i gcéin duit
Go smaoinir trát

Ar phort an traona
Le hais Glas Naoidhean,
Ó lár an léana
Ag labairt san oidhche';

Ar ghlór na n-éanlaith
I ngleann an Smóil
Go sásta séiseach
Ag cantain ceoil;

Ar trá Bhinn Éadair
Mar a mbriseann tonn
'S ar chuan Dún Laoghaire
Mar a luasgann long;

Ar Trá ig Binn Éadair

Ar an ngréin ag sgéitead
Ar taob Sléib' Rua,
'S ar an ngaoit a séideas
Ó n-a barr anuas.

—Sé'n ainm cleite—"Cuimín Ó Cualáin."

Mórа dhuit, a thír ár ndúthchais*

Mórа dhuit, a thír ár ndúthchais!
Dia dod' sheolaḋ slán!
Mochean dod' bheannaiḃ bordа!
Mochean dod' leathan-lochaiḃ!
Mochean dod' aiḃniḃ is dod' easaiḃ
Dod' mhóintiḃ is dod' mhághaiḃ!
Is mórа dhuit, a thír ár ndúthchais!
Go mairir-se go bráth!

Mórа dhuit, a áitreaḃ éigse!
Dia dod' sheolaḋ slán
Aoiḃinn ceol do chláirseach,
Aoiḃinn ceol do sháṁ-chrot,
Aoiḃinn do sgéalta is do dhréachta
Dá sior-ghaḃáil ag báird!
Is mórа dhuit, a áitreaḃ éigse!
Go mairir-se go brách!

Mórа dhuit, a dhuime laochraidhe!
Dia dod' sheolaḋ slán!
Ag cosaint chlú is oinigh,
Ag cosaint chrú do chloinne,
Ag cosaint Chirt ar éigean Nirt
Nior striocais fós do náṁaid!
Is mórа dhuit, a dhuime laochraidhe!
Go mairir-se go brách.

*"An Claidheaṁ Soluis," 10-3-'06.

Mórа duit, a tír ár ndúthais

Mórа duit, a tír ár ndúthais!
Dia dod' seolad slán!
An faid 's is buan do beanna
An faid 's gluaisfeas d'aibne,
An faid 's mairfeas féar is fearann,
Ní staonfam ó do ghrádh!
Is mórа duit, a tír ár ndúthais!
Dia dod' seolad slán!



PLEASE DO NOT REMOVE
CARDS OR SLIPS FROM THIS POCKET

UNIVERSITY OF TORONTO LIBRARY